



## Achoimre Feidhmiúcháin

Ní mór don chumarsáid don phobal bheith tráthúil, cruinn, iontaofa, agus cuí, go háirithe nuair a bhaineann an ghéarchéim sin leis an tsláinte. Tá sé sin fíor go háirithe i ndáil le smaointe coimhthíocha amhail na cinn a tháinig chun cinn le linn phaindéim Covid-19. Lenár dtaighde ar thimpeallachtaí géarchéime, dearbhaíodh gurbh bheag airde a tugadh ar chineál ilchultúrachais agus ilteangach a lán sochaithe atá ag méadú agus, dá réir sin, ar an smaoineamh gur cheart 'faisnéis géarchéime' a chur in iúl i gcuid mhór teangacha, trí aistriúchán. Le linn paindéime go háirithe, tá sé ríthábhachtach go gcinnteofar go bhfuil gach pobal teanga ar an eolas faoi theachtaireachtaí faoin ngéarchéim, go dtuigfidh siad é, go mbeidh muinín acu as, agus go ngníomhóidh siad go cuí, mar nach mbeidh duine ar bith sábháilte go dtí go mbeidh gach duine sábháilte.

Lenár tionscadal taighde mearfhreagartha d'fhéachadh le tuiscint a fháil ar leibhéal aibíochta an aistriúcháin mar chumarsáid rioscaí i bpaindéim Covid-19 in Éirinn agus a ról in athrú ar iompar i measc na bpobal teanga éagsúil. Rinneamar é sin trí imscrúdú a dhéanamh ar fhianaise dhoiciméadach ar an méid a d'aistrigh an rialtas agus comhlachtaí stáit in Éirinn amhail an FSS, agus cé dóibh ar aistríodh siad é. Chuireamar agallamh ar naoi ngeallsealbhóir a dhéanann ionadaíocht do thrí chatagóir leathana: (1) Coimisinéir an ábhair a aistríodh; (2) Soláthraithe an ábhair a aistríodh; agus (3) Faighteoirí an ábhair a aistríodh, a bhí cónaí orthu siúd ar fad in Éirinn le linn na paindéime.

Cé nár tugadh mórán aitheantas i mbeartais agus i dtreoirilínte oifigiúla na hÉireann maidir leis an bhfreagairt éigeandála ar chineál ilteangach shochoaí na hÉireann (O'Brien et al. 2018), tá fianaise ann ar theacht chun cinn an dea-chleachtais maidir le cumarsáid ilteangach ghéarchéime. Chuir FSS faisnéis ar fáil i mBéarla, i nGaeilge, i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann agus i 24 teanga eile ar a laghad. Soláthraíodh an t-ábhar sin trí fhormáidí éagsúla, agus ceisteanna litearthachta á gcur san áireamh. Bhí fianaise ann ar dhea-chleachtas gnó i ndáil le soláthar seirbhíse aistriúcháin. Bhí inléiteacht téacs na foinse Béarla ar leibhéal a dtuigfeadh scoláirí 13-15 bliana d'aois é go héasca.

In ainneoin é sin, bhain roinnt fadhbanna le cumarsáid ilteangach a bhféadfaí leas a bhaint astu mar cheachtanna le haghaidh ullmhacht leanúnach ghéarchéime. Tugaimid cuid de na príomhfhadhbanna chun cinn anseo. Measadh go raibh soláthar na faisnéise ilteangaí measartha mall, frithghníomhach agus randamach. Ceapadh go raibh soláthar an ábhair i nGaeilge agus i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann tite chun deiridh sna céimeanna luatha. Go tábhachtach, tá an soláthar faisnéise aontreo, ón mbarr anuas ó chomhlachtaí stáit neamhleor. Is lú seans go n-úsáideann na daoine ar a ndírítear an cur chuige sin suíomhanna gréasáin amhail suíomh gréasáin FSS chun faisnéis a bhailiú, agus go mbaineann siad leas ina ionad sin as na hacmhainní ina dteangacha agus ina dtíortha baile féin, a d'fhéadfadh faisnéis mhícheart a chur ar fáil. Cé go raibh faisnéis a bhain le sláinte ríthábhachtach, bhí cineálacha

eile faisnéise aistrithe de dhíth ar dhaoine chomh maith, maidir le cearta oibrithe, meabhairshláinte, agus socruithe athnuachana víosa, mar shampla. Ní mór litearthacht dhigiteach a chur san áireamh. Tá sé riachtanach go nascfaí le páirtithe leasmhara pobail chun aistriú cruinn atá cuí ón taobh cultúrtha de a chinntiú maidir le hullmhacht agus freagairt do ghéarchéimeanna amhail paidéim Covid-19. Is cosúil go mbeadh níos mó muiníne as an gcur chuige sin, gné atá riachtanach i bhfreagairtí sláinte poiblí. Sa tuarascáil seo cuirtear moltaí iomadúla ar fáil trína bhféadfaimis foghlaim as na ceachtanna sin, leas a bhaint as an rath, agus a bhféadfaí méadú ar aibíocht bheartas cumarsáide géarchéime na hÉireann a bheith mar thoradh orthu.

## Príomh-Mholtaí

Ar fud na tuarascála tugtar líon ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí ina dhiaidh sin chun suntais a bheith ina n-ábhar suime do lucht déanta beartas agus gníomhairí an rialtais, eagraíochtaí seachbhrabúsacha a dhéanann ionadaíocht dóibh siúd in Éirinn a bhfuil oilteacht theoranta sa Bhéarla acu nó a bhfuil ceart acu chun faisnéis a fháil i dteanga seachas Béarla, chun soláthraithe seirbhíse teanga, chomh maith le cónaitheoirí in Éirinn a bhféadfadh faisnéis a bheith de dhíth orthu i dteangacha agus i bhformáidí eile seachas Béarla scríofa. Tá na sé mholadh is tábhachtaí ó thaobh dhearchtaí na dtaighdeoirí de liostaithe anseo.

1. I ngéarchéim, teastaíonn cur chuige comhordaithe ó ranna rialtais maidir le hábhar aistrithe a sholáthar.
2. I ngéarchéim, caithfidh teachtaireachtaí stáit i ngach teanga oifigiúil na tíre bheith tráthúil agus comhsheasmhach le cosaintí reachtacha agus beartas teanga atá ann cheana.
3. Mar straitéis ullmhachta, nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha a bheith i bhfeidhm le soláthraithe seirbhíse teanga iomadúla.
4. I ngéarchéim, moltar go mbainfear úsáid as réimse éagsúil bealaí cumarsáide (prionta, suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, na meáin thraidisiúnta).
5. Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le heagraíochtaí seachbhrabúsacha ábhartha roimh ghéarchéimeanna ionas gur mó an seans go bhfaighidh pobail faisnéis rithábachtach níos tapúla agus go bhféadfadh sé go mbeadh leibhéal níos airde muiníne acu san fhaisnéis sin.
6. Níor cheart nach mbeadh an chumarsáid i ngéarchéimeanna ina cumarsáid aontreoch agus ón mbarr anuas amháin. Tá idirphlé le pobail, a chumasaítear trí aistriú agus ateangaireacht, rithábachtach chun athrú éifeachtach ar iompar a bhaint amach.

# Clár na nÁbhar

Covid-19 a chur in iúl: Aistriúchán agus Muinín i bhFreagairt na hÉireann ar an bPaindéim.....	4
1 Réamhrá.....	4
1.1 Comhthéacs náisiúnta .....	5
1.2 Comhthéacs domhanda.....	5
2. Modheolaíocht.....	6
2.1 Fianaise dhoiciméadeach .....	7
2.2 Agallaimh - teagmháil agus nós imeachta .....	7
2.3 Agallaimh - códú agus anailís.....	9
3. Torthaí .....	9
3.1 Fianaise dhoiciméadach .....	10
3.2 Agallaimh .....	14
4. Aibíocht um beartas aistriúcháin i gcás géarchéime .....	27
4.1 Próisis a shainiú .....	28
4.2 Feidhmíocht a bhainistiú .....	30
4.3 Cáilíocht a bharrfheabhsú .....	31
5. Conclúidí .....	32
Liosta Tagairtí .....	34
Aguisíní .....	37

# Covid-19 a chur in iúl: Aistriúchán agus Muinín i bhFreagairt na hÉireann ar an bPaindéim

## 1 Réamhrá

I litríocht um fhreagairt i gcás tubaiste agus géarchéime aithnítear nach mór don chumarsáid don phobal bheith tráthúil, cruinn, iontaofa, agus cuí. Tá sé sin fíor go háirithe i ndáil le smaointe nach bhfuiltear cleachtaí leo amhail na cinn a tháinig chun cinn le linn phaindéim Covid-19 (e.g. scaradh sóisialta nó cocúnú). Lenár dtaighde ar thimpeallachtaí géarchéime, áfach, dearbhaíodh gurbh bheag airde a tugadh ar chineál ilchultúrachais agus ilteangach a lán sochaithe atá ag méadú. Dá réir sin, tugadh neamhaird den chuid ba mhó ar an smaoineamh gur cheart ‘faisnéis géarchéime’ a chur ar fáil i gcuid mhór teangacha, má tá rochtain chothrom le tabhairt do dhaoine. Le linn paindéime go háirithe, tá sé ríthábhachtach go gcinnteofar go bhfuil gach pobal teanga ar an eolas faoi theachtaireachtaí faoin ngéarchéim, go dtuigfidh siad é, go mbeidh muinín acu as, agus go ngníomhóidh siad go cuí, mar nach mbeidh duine ar bith sábháilte go dtí go mbeidh gach duine sábháilte.

Le haistriúchán éascaítear soláthar agus malartú faisnéise ilteangaí, ach fós féin, ní rómhínic a chuirtear ‘aistriú’ san áireamh i mbeartais náisiúnta, idirnáisiúnta nó réigiúnacha maidir le géarchéimeanna, lena n-áirítear cinn na hÉireann (féach O’Brien et al. 2018). Tríd an tionscadal INTERACT atá maoinithe ag AE (an Líonra Idirnáisiúnta um Aistriú Géarchéimeanna), faoi stiúir an Ollaimh Sharon O’Brien in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, tarraingíodh aird ar an ról atá ag aistriú mar shás laghdaithe agus freagartha i gcás géarchéime ar fud an domhain. Fuair an líonra, i gcás go bhfuil cuid ríthábhachtach den mheascán mearaí ar iarraidh ar nós an taistriúcháin, ó bheartas um chumarsáid i gcás géarchéime, gur beag an seans go gcuirfeadh cumarsáid faisnéise ilteangaí chun feidhme go córasach nó go hiomlán i bhfreagairt agus ní chuirfeadh san áireamh é i dtimthrialla ullmhachta ach oiread.

Lenár tionscadal taighde mearfhreagartha, arna mhaoiniú ag Iontaobhas Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, d’fhéachadh le tuiscint a fháil ar leibhéal aibíochta an aistriúcháin mar chumarsáid rioscaí i bpaindéim Covid-19 in Éirinn agus a ról in athrú ar iompar i measc na bpobal teanga éagsúil.

Go sonrach, d’fhéachadh leis an taighde an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) An leibhéal aibíochta maidir le cur chun feidhme aistriúcháin mar bheartas laghdaithe riosca i bpaindéim Covid-19 in Éirinn a dhearbhaí;

(2) Tuiscint a fháil ar an tionchar a bhí ag neamh-aistriú, aistriú mall nó aistriú ar bhain inrochtaineacht íseal leis ar iompar roinnt pobal um éagsúlacht chultúrtha agus teanga (CALD) in Éirinn agus ar a muinín san fhaisnéis a bhí á craoladh;

(3) Cásanna dea-chleachtais agus cásanna ina bhféadfar ceachtanna a fhoghlaim a shainaitheint chun moltaí maidir le cur chun feidhme níos fearr a sholáthar ó seo amach.

## 1.1 Comhthéacs náisiúnta

Ag baint úsáid as daonáireamh 2016 na hÉireann, rinne McGinnity et al. (2020) an daonra imirceach in Éirinn ag tráth an daonáirimh a phróifiliú. Ba í an Ríocht Aontaithe an tír bhreithe ba mhó as ar tháinig imircigh ag 34.6% (rugadh 7.1% díobh i dTuaisceart Éireann agus 27.5% in áiteanna eile sa Ríocht Aontaithe). Ba í an Pholainn an chéad tír eile ina dhiaidh sin ag 13.6% agus na Stáit Aontaithe ansin ag 3.9%. I measc na dtíortha eile sna deich tíortha breithe ba mhó lasmuigh d'Éirinn bhí an Liotuáin, an Rómáin, an Ind, an Laitvia, an Bhrasaíl, agus an Ghearmáin, rud a thugann tuairim faoi éagsúlacht an daonra imirceach in Éirinn ag an am sin.

In McGinnity et al. (2020) breithnítear an cheist teanga mar réamhtháscaire le haghaidh imeascadh i measc imirceach. Mar sin féin, tá an bhéim sa tuarascáil ar chumas an Bhéarla féintuairiscithe, seachas ar chumais i dteangacha eile. Ag baint úsáid as scála ó 0 go 1, agus 1 ag léiriú an chumais is airde, léirítear raon suntasach maidir le cumas féintuairiscithe sa tuarascáil, ó 0.2 suas. Le haghaidh tíortha Áiseacha baineann cuid de na scóir is ísle leis an tSín, Vítneam, an Téalainn, Burma agus leis an gCóiré Theas. Bhí an scór don Afganastáin, don Bhanglaidéis, don tSiria agus d'Óman íseal sa liosta chomh maith. Tá tíortha amhail Tógo, an Congó, an tSomáil, Angóla, agus an Ailgéir íseal ar an liosta chomh maith do thíortha na hAfraice. Le haghaidh imircigh LEE, baineann na scóir is ísle leis an Liotuáin, leis an Laitvia, leis an bPolainn agus leis an Rómáin. Ansin do "Thíortha Eile", tá an Mholdóiv, an Bhrasaíl, an tSeoirsia agus an Úcráin ag an mbun. Ní anailís uileghabhálach í seo ar phróifíl theangeolaíoch na n-imirceach in Éirinn. Mar sin féin, soláthraítear comhthéacs leis lena ndearbhaítear go bhfuil Éire, go deimhin, ina tír atá éagsúil ón taobh teangeolaíoch de agus ina tír ilchultúrtha agus nach bhfuil cumas láidir ag roinnt den daonra ar an nGaeilge nó ar an mBéarla. Mar gheall air sin ardaítear dúshláin le haghaidh cumarsáide i bpaindéim agus in éigeandálaí eile chomh maith, amhail tuile, a tharlaíonn minic go leor sa tír (Jeffers 2011).

## 1.2 Comhthéacs domhanda

Mar gheall ar chineál domhanda phaindéim Covid-19, is féidir linn féachaint ar an dóigh ar dhéileáil tíortha eile le cumarsáid ilteangach ghéarchéime agus comparáid a dhéanamh leis. Moltar i dtuarascálacha nuachta gur buaileadh pobail imirceach ilchultúrtha go díreireach leis an bpaindéim in áiteanna amhail an Ríocht Aontaithe (Siddique 2020), na Stáit Aontaithe (Wilkie agus Betancourt 2020) agus an Astráil (Taylor 2020). Sna tuarascálacha léirítear baic teanga, leibhéal neamhlitearthachta, dálaí socheacnamaíocha, agus easpa ghinearálta muiníne sna húdaráis mar chuid de na tosca a bhfuil na pobail sin níos leochailí dá mbarr.

Nochtadh leis an bpaindéim chomh maith nach bhfuil a lán tíortha dea-fheistithe chun faisnéis aistrithe thráthúil agus chruinn a sholáthar, chun freastal ar riachtanais theangeolaíocha agus

chultúrtha a bpobal ilchultúrtha. Mar shampla, tá tuarascálacha iomadúla déanta ag an gcráoltóir Astrálach ABC chun béim a leagan ar earráidí i dteachtaireachtaí a thug rialtas na hAstráile, ag meas go raibh siad ‘gan chiall’ agus ‘amaideach’ (Dalzell 2020). I roinnt cásanna, dáileadh fógráin a raibh na teangacha míchearta orthu. Sonraítear i dtuarascáil le déanaí, cé go bhfuil feabhas tagtha ar an gcumarsáid ilteangach le linn an dara ráige, is gá níos mó a dhéanamh toisc nach ndearnadh faisnéis i roinnt teangacha a nuashonrú (Renaldi agus Fang 2020). Cáineadh rialtas na Ríochta Aontaithe chomh maith as cliseadh ar bhonn leanúnach a ‘chinntiú gur shroich a theachtaireachtaí gach pobal ar fud na Ríochta Aontaithe ar bhealach éifeachtúil. Léirítear sa cháineadh an t-easnamh “teachtaireachtaí uilechuimsitheacha agus inrochtana do phobail Daoine Dubha, Áiseacha, eitneacha mionlaigh, agus daoine bodhra agus daoine faoi mhíchumas’ (Siddique 2020).

Is féidir tuilleadh fadhbanna a fheiceáil sna Stáit Aontaithe, i gcás gurb ionann cuid de na stáit is mó a buaileadh agus na cinn ina bhfuil na pobail Latino is mó. De réir leas-choimisinéir sláinte chathair Nua-Eabhrac, chuir an easpa rianaitheoirí teagmhála Spáinnise bac ar iarrachtaí teacht ar dhaoine a fuair toradh deimhneach ar thástáil agus na daoine a raibh siad i dteagmháil leo (Voa News 2020). Chomh maith le baic teanga, chuir an leas-choimisinéir béim ar an amhras faoin rialtas agus an eagla roimh an rialtas i measc pobail inimirceach mar bhac chomh maith. San Iorua, léirigh speisialtóirí ó Institiúid na hIorua um Shláinte Phoiblí nach dtugann a lán pobal aird ar na gnáthmheáin agus, dá réir sin, nach bhfaigheann siad faisnéis faoi Covid-19 (Cookson agus Milne 2020).

Mar sin féin, tá tionscnaimh iomadúla tagtha chun cinn i measc na ndeacrachtaí sin, spreagtha go minic ag eagraíochtaí neamh-rialtasacha, údaráis áitiúla nó daoine aonair. Mar shampla, sa Spáinn sheol rialtas áitiúil Roquetas de Mar, baile beag i réigiún Theas Almería, feachtas ilteangach chun a gcónaitheoirí agus a dturasóirí a choinneáil ar an eolas faoi chleachtas sláinteachais le haghaidh ghéarchéim Covid-19. Chuir siad suas sraith póstaer sa Spáinnis, i mBéarla, sa Ghearmáinis, sa Fhraincis agus san Araibis chun an tábhacht a bhaineann le scaradh sóisialta agus maisc aghaidhe a chur i gcuimhne do dhaoine (Todo Disca 2020). Mar an gcéanna, sheol fiontraí áitiúil san Afraic Theas ardán cúnaimh ilteangach do Covid-19, atá ar fáil sna haon teanga oifigiúil déag ar fad (Bizcommunity 2020). San Iorua, chruthaigh dochtúir as Osló cainéal YouTube chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna litearthachta i measc pobal na Somáile, a sholáthair an rialtas le hábhar scríofa amháin (Cookson agus Milne 2020).

Léirítear leis an cásanna sin go bhfuil níos mó i gceist le riachtanais na bpobal imirceach ná teanga, agus is ríthábhachtach iad na ceisteanna a baineann le feasacht chultúrtha agus muinín maidir le cumarsáid ilteangach ghéarchéime a chur ar fáil. Lena chois sin, is ceist dhomhanda í.

## 2. Modheolaíocht

Tugaimid míniú gearr anseo ar an modheolaíocht a úsáideadh don taighde. Bhraitheamar ar dhá chur chuige: (1) fianaise dhoiciméadach a bhailiú agus (2) agallamh a chur ar pháirtithe leasmhara ábhartha.

## 2.1 Fianaise dhoiciméadeach

Ar dtús, rinneamar anailís ar bheartais agus ar threoirlínte oifigiúla rialtais maidir le práinnfhreagairt lena fháil amach ar athraíodh iad ón anailís dheireanach a rinne O'Brien et al. (2018). Ba iad na doiciméid a bhí i gceist *Creat le haghaidh Bainistíocht Mór-éigeandála*, mar aon le dhá dhoiciméad threoracha maidir le plean mór-éigeandála a ullmhú agus ionaid aslonnaithe agus sosa a bhainistiú (Rialtas na hÉireann, 2008, 2010, 2015), agus an *Measúnú Riosca Náisiúnta* (Rialtas na hÉireann 2019).

D'fhéachamar ar dhá shuíomh tairsí rialtais ar líne lena fháil amach cad é an t-ábhar a aistríodh agus cad iad na teangacha inar aistríodh iad. Ba é gov.ie an chéad suíomh gréasáin ar amharcamar air. Is é sin tairseach le haghaidh sheirbhísí agus fhaisnéis rialtas na hÉireann. Ba é hse.ie an dara suíomh gréasáin. Is é sin leathanach tairsí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) in Éirinn, a stiúranann feachtas cumarsáide poiblí an rialtais maidir le Covid-19 i gcuideachta leis an Roinn Sláinte. Bhailíomar fianaise i bhfoirm seatanna scáileán agus íoslódálacha d'acmhainní a bhí ar fáil. Chuireamar é sin i gcomparáid leis an ábhar a bhí ar fáil ar shuíomh gréasáin EDS, chun cosúlachtaí agus difríochtaí sna hacmhainní ilteangacha a shainaithint. Bhí suim faoi leith againn sa chomhairle maidir le sláinte phoiblí amhail faisnéis maidir le maisc a chaitheamh, lámha a ní agus scaradh sóisialta. Bhí an fhaisnéis sin ar fáil i sé theanga ar shuíomh gréasáin an EDS (Béarla, Spáinnis, Francis, Rúisis, Araibis agus Mandairinis), i bhfoirm ábhar in-íoslódála amhail póstaer (féach na hAguisíní).

Mar thoradh air sin, bhaineamar úsáid as an ábhar ar shuíomh gréasáin gov.ie agus ar shuíomh gréasáin hse.ie chun dhá chorpas a chruthú ag baint úsáid as teaghlaim an chorpais agus an uirlis anailíse Sketch Engine, lena rabhamar ábalta léargas a fháil den Bhéarla a bhí á úsáid chun faisnéis faoin bpaindéim a chur in iúl. Bhí 26,649 focal i gcorpas gov.ie, agus bhí 18,197 focal i gcorpas hse.ie. Baineadh ábhar gach corpais as na leathanaigh ghréasáin ábhartha i mBéarla ar fhaisnéis maidir le Covid-19. Rinneamar anailís ar an leibhéal inléiteachta den ábhar Béarla ar fud an dá chorpas, ag baint úsáid as an méadrach 'Flesch Reading Ease'.

## 2.2 Agallaimh - teagmháil agus nós imeachta

Ba é ár n-aidhm agallaithe as trí chatagóir leathana páirtithe leasmhara a chur san áireamh: (1) Coimisinéir an ábhair a aistríodh; (2) Soláthraithe an ábhair a aistríodh; agus (3) Faighteoirí an ábhair a aistríodh, a bhí cónaí orthu siúd ar fad in Éirinn le linn na paindéime. Leis na trí chatagóir sin, bhíimid ag súil go gcuirfí tuairimí éagsúla san áireamh maidir le soláthar an ábhair aistrithe agus dearchtaí deimhnithe nó neamhdheimhnithe faoi mhuintín in aistriú ábhair a bhaineann le Covid-19.<sup>1</sup>

Toisc go stiúranann an FSS feachtas cumarsáide poiblí an rialtais maidir le Covid-19, ba é an príomhsholáthraí oifigiúil den ábhar aistrithe a bhain le sláinte in Éirinn le linn na paindéime.

---

<sup>1</sup> Ar aon dul le faomhadh ár n-eitice taighde, rinne gach agalláí cur síos i dteanga shimplí maidir leis an taighde agus foirmeacha toilithe fheasaigh a léamh agus a shíniú. Déantar ainmneacha aonair a anaithnidiú, ach ní dhéantar ainmneacha eagraíochtúla a anaithnidiú, mura n-iarrtar a mhalairt.



Rinneamar teagmháil leis an FSS agus le hoifig an Taoisigh tríd an ríomhphost agus trí litir agus fuairamar agallamh leis an FSS.

Bhain an FSS úsáid as dhá sholáthraí seirbhíse aistriúcháin chun ábhar a aistriú le linn na paindéime. Rinneamar teagmháil leis an mbeirt acu siúd, agus luaimid ár n-agallamh leis an FSS leo, agus fuairamar agallamh le ceann amháin de na soláthraithe sin. In ainneoin roinnt iarrachtaí teagmháil a dhéanamh leis an dara soláthraí tríd an ríomhphost agus trí na meáin shóisialta, ní bhfuairamar freagairt.

Bhí sé tábhachtach dúinne go bhfaigheadh muid dearchtaí na ndaoine arbh iad an sprioclucht spéise don ábhar aistrithe. Tá sé mar aidhm againn agallamh a chur orthu siúd a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a raibh an n-oilteacht sa Bhéarla teoranta (LEP). Chiallaigh sé sin nach bhféadfaí na hagallaimh a dhéanamh i mBéarla, mar sin rinneadh soláthar d'agallaimh le hidirghabháil ateangaire. Agus fios againn gurbh iad Polainnis agus Portaingéilis na Brasaíle dhá ceann de na teangacha 'móra' in Éirinn seachas Gaeilge agus Béarla, d'aistríomar ár ráiteas i dteanga shimplí agus na foirmeacha toilithe fheasaigh go dtí na teangacha sin. Rinneamar teagmháil le roinnt de bhaill ár líonraí mar iarracht agallaimh a fháil le baill ábhartha na bpobal LEP in Éirinn, ach fiú leis an ngealladh d'ateangaireacht agus na mínithe aistrithe ar chuspóirí an tionscadail, bhí sé an-deacair rochtain dhíreach a fháil ar an gcohort tábhachtach agallaithe sin. Fuairamar dhá agallamh le cainteoirí Phortaingéilis na Brasaíle. Mar sin féin, cheapamar nárbh leor é sin agus mar sin d'athraíomar ár straitéis chun agallaimh a iarraidh le geatóirí ionadaíocha an chohóirt sin. Chuireamar agallamh ar cheithre ionadaí de chuid eagraíochtaí seachbhrabúsacha a fheidhmíonn in Éirinn agus a dhéileálann go díreach leis an gcohort lena mbaineann, go háirithe oibríthe imirceacha agus iarrthóirí tearmainn. Ba iad na heagraíochtaí a bhí i gceist ná Nasc, Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn, Seirbhís Dhomhanda Covid-19 (tionscnamh comhpháirteach de chuid Nasc agus Éire le Chéile), agus Cros Dhearg na hÉireann. Chun léargas a fháil maidir leis an gcás leis an nGaeilge, chuireamar agallamh ar an Dr John Walsh, Léachtóir Sinsearach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Cé nach raibh sé sin foirfe, cheapamar gur cuireadh léargas éigin ar fáil leis sin maidir leis na fadhbanna atá os comhar na bpobal inspéise.

Bhain na ceisteanna a bhíomar ag iarraidh a chur ar gach agallaí go díreach le cuspóirí foriomlána an taighde agus bhí ceisteanna i gceist amhail:

- Cérbh iad na riachtanais faisnéise agus cén dóigh ar freastalaíodh orthu (cad)?
- Ar fhreastail an fhaisnéis ar riachtanais an sprioclucht spéise (meastóireacht)?
- Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach eile (ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí féideartha)?

Cé gur shaincheapamar liosta na gceisteanna ábhairín lena chinntiú go raibh siad ábhartha don agallaí ar leith, bhí na príomhghnéithe atá liostaithe thuas comhsheasmhach ar fud na n-agallamh go léir. Bhí an cur chuige a ghlacadh ina chur chuige leath-struchtúrach.

Rinneamar naoi n-agallamh ar an iomlán. Rinneadh iad sin ar líne trí Zoom, agus beirt nó triúr de na taighdeoirí i láthair - duine acu ag cur na gceisteanna agus na taighdeoirí eile ag breacadh síos nótaí. Rinneadh na seisiúin a thaifeadadh agus rinneadh an fhuaim a thras-scríobh ansin. Cuireadh na tras-scríbhinní ar ais chuig na hagallaithe chun iad a fhaomhadh agus a dhearbhu.

## 2.3 Agallaimh - códú agus anailís

Bhí an cur chuige maidir le códú ina chur chuige ón mbarr anuas mar go raibh ceisteanna sonracha againn a raibh súil againn go dtabharfaí freagra orthu sna sonraí. Rinneamar an dá phríomhchód agus a sainmhínithe a phlé ar dtús:

- (1) Beartas agus cleachtais;
- (2) Tionchar ar iompar mionlach teangeolaíoch.

Sainíodh 'beartas agus cleachtais' mar: 'Aon uair a labhraíonn duine éigin faoi bheartas / reachtaíocht / treoir fhoirmiúil / treoir neamhfhoirmiúil / gnáthchleachtais agus cleachtais éigeandála institiúide, rialtais, ENR, etc. maidir le haistriúchán'.

Leis an gcód sin bhíomar ag iarraidh fianaise a thiomsú maidir le cad iad na beartais agus na cleachtais ar aistriúchán a cuireadh i bhfeidhm le linn na tréimhse ó thús mhí an Mhárta 2020 go dtí idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2020, an tréimhse a ndearnadh na hagallaimh lena linn. Tiamsaímid na torthaí thíos, de réir a bhfotheideal sonrach, agus thaifeadaimid cad a foghlaimíodh ó na hagallaimh, cad é an dea-chleachtas a bhí le feiceáil, agus bhaineamar ceachtanna agus moltaí astu chomh maith maidir le hullmhacht agus freagairt i gcás géarchéime amach anseo.

Sainíodh an dara cód, 'tionchar ar iompar mionlach teangeolaíoch' mar: 'Aon uair a labhraíonn duine éigin faoi iompar na mionlach teangeolaíoch a bhaineann le haistriúchán'.

Leis an gcód sin bhíomar ábalta fianaise a chuardach ar an éifeacht a bhaineann le haistriú (neamhaistriú) ar iompar fhaighteoirí an aistriúcháin sin. Rinneadh tras-scríbhinní agallaimh a chódú ag baint úsáid as cur chuige ilchódóirí de réir a chéile a bhí bunaithe ar phlé, ar chomhaontú agus ar athchódú.

## 3. Torthaí

Sa roinn seo, cuirimid ár dtorthaí i láthair agus iad roinnte ina dhá chatagóir leathana: (1) Torthaí maidir le fianaise dhoiciméadach agus (2) torthaí maidir le hagallaimh.

## 3.1 Fianaise dhoiciméadach

### 3.1.1 Beartas an rialtais

Ón anailís a rinne O'Brien et al. in 2018, rinneadh nuashonrú amháin ar bheartas an rialtais. Sa doiciméad *Measúnú Riosca Náisiúnta ó 2019* luaitear 'teanga' anois, toisc go n-aithnítear riachtanas an rialtais ann 'bheith freagrúil do nádúr na sochaí atá ag athrú, mar shampla i gcomhthéacs riachtanais sochaí atá ilteangach anois agus an acmhainneacht go mbeadh teanga ina bac ar rochtain ar theachtaireachtaí agus ar sheirbhísí an Rialtais (lch. 47). Luaitear 'inimirce' roinnt uaireanta chomh maith, ach ní bhaineann ceann ar bith díobh go díreach le ceisteanna teanga agus cumarsáide.

Go bunúsach, seachas an nuashonrú aonair ar straitéis an Mheasúnaithe Riosca Náisiúnta, níor athraíodh Creat na hÉireann le haghaidh Bainistíocht Móréigeandála ón anailís roimhe sin a rinne O'Brien et al. in 2018, ar baineadh an tátal as ag an am 'nach gcuirtear béim ar an gceart chun faisnéis aistriútha go ginearálta i gcuir chuige náisiúnta maidir le bainistíocht tubaiste' (lch. 634).

### 3.1.2 Hse.ie agus Gov.ie

Admhaímid go n-athraítear ábhar an tsuímh ghréasáin le himeacht ama agus tá sé sin fíor go háirithe i gcás luaineach amhail paidéim Covid-19. Léargas is ea an fhaisnéis atá curtha i láthair anseo ar a raibh ar fáil ar na suíomhanna sin ag deireadh mhí an Mheithimh 2020.

Bhí an chomhairle sláinte ar shuíomh gréasáin gov.ie ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, agus i measc na bpríomhthopaicí bhí siomptóim, dóigheanna chun tú féin agus daoine eile a chosaint, an dóigh ar spréigh Covid-19, agus comhairle ghinearálta le bheith sláintiúil le linn na paidéime. Bhí an fhaisnéis sin ar fáil i bhfoirm téacs, agus naisc le suíomhanna gréasáin na gcomhlachtaí ábhartha, amhail an FSS. Sholáthair gov.ie sraith de phóstaeir d'úsáid phoiblí chomh maith ar thopaicí amhail clúdaigh aghaidhe, sláinteachas lámh, agus faisnéis phoiblí eile. Bhí na póstaer sin ar fud ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, mar PDFanna in-íoslódála. D'eisigh an rialtas feachtas chomh maith dar teideal 'In This Together', inar soláthraíodh faisnéis bhreise amhail aire a thabhairt do do mheabhairshláinte, déileáil le cúrsaí sa bhaile, bheith gníomhach i gcónaí, agus bheith ag ithe go sláintiúil le linn phaindéim Covid-19. Bhí an fhaisnéis ar fad ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, agus áiríodh léi físeáin ina raibh leideanna agus smaointe praiticiúla le haghaidh gnáthaimh babhta traenála, oidis shláintiúla, etc. Bhí na físeáin a bhain leis an bhfeachtas sin ar fáil i mBéarla amháin, agus bhí téacs i nGaeilge ag gabháil leo.

Ar shuíomh gréasáin an FSS soláthraíodh faisnéis ar a lán de na topaicí céanna, ag cur leis an bhfaisnéis a bhí ar fáil i roinnt ranna agus ag cur breis faisnéise leis maidir le tástáil agus coróinvíreas a bhainistiú sa bhaile. Bhí an fhaisnéis a soláthraíodh mionsonraithe agus áiríodh léi seicliosta de na rudaí ba cheart a dhéanamh agus na rudaí nár cheart a dhéanamh, físeáin, agus teoracha céim ar chéim le haghaidh ní lámh, masc aghaidhe a chaitheamh agus féin-aonrú. Bhí leideanna úsáideacha ann chomh maith chun aclaíocht a dhéanamh sa bhaile (lena n-áirítear

treoracha le grianghraif), bheith ag ithe go maith agus meabhairshláinte a bhainistiú. Bhí an fhaisnéis ar fad ar fáil i mBéarla.

Chuir an FSS réimse acmhainní aistrithe ar fáil i nGaeilge, i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus i 24 teanga eile. Bhí an fhaisnéis i nGaeilge mionsonraithe chomh maith agus clúdaíodh na topaicí céanna ann agus a bhí i mBéarla, lena n-áirítear faisnéis faoi shiomptóim, cocúnú, rianú teagmhálaithe, agus comhairle bhreise maidir le bia sláintiúil, aclaíocht, agus meabhairshláinte. Bhí sraith físeán i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann chomh maith do Phobal na mBodhar. Bhí na físeáin eagraithe i dtrí roinn:

1. Faisnéis teagmhála do Phobal na mBodhar
2. Leabhráin Faisnéise maidir le Covid-19
3. Tástáil le haghaidh Covid-19

Ba shraith de chúig físeán a bhí sa leabhrán faisnéise a mhair idir 3:26 nóiméad go 6:55 nóiméad ar fad agus inar clúdaíodh na topaicí maidir le céard is an coróinvíreas ann, cosaint, caidreamh sóisialta, féin-aonrú, agus bheith sláintiúil. Clúdaíodh an fhaisnéis chéanna sna físeáin sin agus a clúdaíodh i leagan priontáilte an Leabhráin Faisnéise Poiblí agus úsáideadh na grafaicí, na staitisticí, agus na táblaí céanna. Sa roinn dheireanach d'acmhainní Theanga Chomharthaíochta na hÉireann soláthraíodh faisnéis maidir le gnáthaimh tástála, suíomh, agus torthaí tástála i sraith ceithre fhíseán 2 nóiméad.

Chomh maith leis an nGaeilge agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, sholáthair an FSS acmhainní aistrithe i 24 teanga éagsúil, faoi mar atá léirithe i dTábla 1. Áiríodh leo sin go príomha leabhráin agus póstaer faisnéise, agus tá siad ar fad ar fáil lena n-íoslódáil agus lena bpriontáil mar PDFanna. Mar sin féin, bhí difríocht idir an méid faisnéise ó theanga go teanga. I dTábla 1 léirítear na hacmhainní a bhí ar fáil i ngach teanga, ón 23 Meitheamh 2020 i leith<sup>2</sup>.

Tábla 1: Ábhar ilteangach atá ar fáil ar shuíomh gréasáin FSS

Teanga	Leabhrán faisnéise	Cé hiad na daoine is mó atá i mbaol	Sláinteacha s Lámh	Conas é a chosc	Cocúnú	Póstaer bí sábháilte	Bileog faisnéise othar maidir le féin-aonrú.	Comhairle le haghaidh daoine a roinneann teach le duine ar a bhfuil siomptóim	Faisnéis le haghaidh dlúth-theagmhála cha cás deimhnithe
Albainis	✓	✓	✗	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Araibis	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Bulgáiris	✗	✗	✗	✗	✓	✗	✗	✗	✗

<sup>2</sup> Ó mhí na Samhna 2020 i leith, bhí faisnéis sa Chróitis, sa Hiondúis, sa tSomáilis agus sa Tigrinis ar fáil chomh maith.

Sinis	✓	✓	✓	✓	Nil an nasc ar fáil	✗	✗	✗	✗
Seicis	✓ + leagan atá éasca a léamh	✗	✗	✗	✓ + leagan atá éasca a léamh	✗	✗	✗	✗
Fairsis	✓	✓	✗	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Francis	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Seoirsis	✓	✓	✗	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Gearmáinis	✓	✓	✗	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Gréigis	✓	✗	✗	✗	✓	✓	✗	✗	✗
Ungáiris	✗	✗	✗	✗	✓	✗	✓	✓	✗
Iodáilis	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Coirdis	✓	✓	✗	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Laitvis	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Liotuáinis	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Paistis	✓	✗	✗	✗	✓	✓	✓	✓	✗
Polainnis	✗	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓
Portaingéilis	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓
Rómainis*	✓ + leagan atá éasca a léamh	✓	✓	✓	✓ + leagan atá éasca a léamh	✗	✗	✗	✗
Rúisis	✓	✗	✗	✗	✓	✗	✓	✓	✓
Slóvaicis	✓ + leagan atá éasca a léamh	✓	✗	✓	✓ + leagan atá éasca a léamh	✗	✗	✗	✗
Spáinnis	✓	✓	✓	✗	✓	✗	✗	✗	✗
Urdúis	✓	✓	✗	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Iarúibis	✓	✓	✗	✓	✓	✗	✗	✗	✗

Is iontach an clúdach teanga a thaispeántar i dTábla 1. Tá sé tugtha faoi deara chomh maith, áfach, go bhfuil an chuma air nach bhfuil cur chuige straitéiseach ar bith ann maidir le soláthar ábhair aistrithe. Níl sé soiléir cad chuige, mar shampla, nach mbeadh leagan de ‘Cé hiad na Daoine is mó atá i mBaol’ nó ‘Sláinteachas Lámh’ sa Rúisis, cé go bhfuil siad ar fáil sa Rómainis agus sa Spáinnis.

Deirtear go bhfuil comhairle sláinte poiblí na hÉireann treoraithe le comhairle an EDS. Sholáthair rialtas na hÉireann acmhainní atá cosúil le póstaer an EDS i gcomhthéacs ábhair agus grafaicí araon. Ba é sin an cás do roinnt de na póstaer, amhail an ceann ar na lámha a ní. Rinneadh acmhainní eile a shimpliú, áfach, agus cuirtear an fhaisnéis ar fáil go príomha trí théacs seachas íomhána.<sup>3</sup> Mar gheall air sin ní bheidh an fhaisnéis chomh inrochtana do dhaoine nach labhraíonn Béarla agus do dhaoine a bhfuil leibhéal litearthachta níos ísle acu. Cé gur sholáthair an EDS ábhair i ngach ceann de shé theanga oifigiúla an EDS (Béarla, Spáinnis, Fraincis, Araibis, Rúisis, agus Sínis), tá an fhaisnéis i mBéarla curtha i láthair sa réimse is leithne formáidí, faoi mar atá léirithe i dTábla 2.

Tábla 2: An réimse ábhair, formáidí, agus teangacha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an EDS.

	Béarla	Spáinnis	Fraincis	Araibis	Rúisis	Sínis
<b>Faisnéis maidir le maisc a úsáid</b>	✓ (físeáin agus póstaer)	✓ (póstaer)	✓ (póstaer)	✓ (póstaer)	✓ (póstaer)	✓ (póstaer)
<b>Cuir ceist ar EDS - sraith freagraí ar CCanna</b>	✓ (póstaer)	✓ (téacs simplí)	✓ (téacs simplí)	✓ (téacs simplí)	✓ (téacs simplí)	✓ (téacs simplí)
<b>Scríostóirí Miotais</b>	✓ (póstaer)	✓ (téacs simplí)	✓ (téacs simplí)	✓ (téacs simplí)	✓ (téacs simplí)	✓ (téacs simplí)
<b>Conas déileáil le strus</b>	✓ (póstaer)	✓ (póstaer)	✓ (póstaer)	✓ (póstaer)	✓ (póstaer)	✓ (póstaer)

Bhí na hábhair a soláthraíodh i mBéarla i bhfad níos físiúla, lena n-áirítear físeáin agus póstaer do gach catagóir, agus bhí an fhaisnéis chéanna á dtaispeáint go minic mar théacs shimplí go díreach i dteangacha eile.

Tugtar le tuiscint in anailís ar an bhfianaise dhoiciméadach a tháinig as na trí shuíomh gréasáin tairisí poiblí (hse.ie, gov.ie, agus who.int) go raibh aistriú go teangacha eile seachas Béarla ina phríomhstraitéis do na heagraíochtaí sin. Chuir hse.ie agus gov.ie ábhar ar fáil sna trí theanga oifigiúla in Éirinn (lena n-áirítear Gaeilge agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann). Mar sin féin, tá an chuma air go bhfuil an t-ábhar a aistríodh do cibé teangacha measartha randamach, agus tá na haistriúcháin níos ‘téacsúla’ uaireanta ná mar atá ábhar an Bhéarla. I bhfocail eile, ní chuirtear seirbhís ar fáil do na teangacha ar fad ar bhonn cothrom san aistriúchán.

### 3.1.3 Anailís ar Inléiteacht

Chun scrúdú gearr a dhéanamh ar an gcineál teanga a bhí á dháileadh i mBéarla ag an FSS agus ag rialtas na hÉireann ag an am sin, chruthaíomar dhá chorpas ag baint úsáid as an uirlis Sketch Engine (corpas COVID-19\_EN\_HSE, atá giorraithe go HSE anseo agus corpas COVID-19\_En\_GOV, atá giorraithe go GOV anseo). Cruthaíodh corpas HSE trí 28 leathanach a

<sup>3</sup> Is féidir comparáid a dhéanamh idir póstaer agus acmhainní Covid-19 ag <https://www.who.int/emergencies/diseases/novel-coronavirus-2019/advice-for-public> and <https://www.hse.ie/eng/services/news/newsfeatures/covid19-updates/partner-resources/>.

Íoslódáil ar 01/07/20 ó hse.ie agus cruthaíodh corpas GOV mar an gcéanna trí 13 leathanach ábhartha a íoslódáil ar an lá céanna ó gov.ie.

Ceann de na cuspóirí a bhí againn agus na corpais sin á gcruthú againn ná measúnú a dhéanamh ar leibhéal inléiteachta an téacs a bhí á aistriú. Bhaineamar úsáid as an uirlis ar líne storytoolz.com chun na staitisticí inléiteachta do gach corpas a ríomh. Leis an uirlis soláthraítear staitisticí do a lán de na príomhtháscairí inléiteachta. Cé go bhfuil díospóireacht shuntasach ann fós maidir le húsáideacht agus cruinneas an n-áireamhán inléiteachta sin, cuirtear tásc ar a laghad de na leibhéil inléiteachta ar fáil leo.

B'ionann an meánscór le Flesch Reading Ease do chorpas GOV agus 65 agus b'ionann an meánscór do HSE agus 74. Le haghaidh scór Flesch Reading Ease, léiríonn scór idir 60-70 go bhféadfadh scoláirí idir 13-15 bliana d'aois an téacs a thuiscint go héasca agus le scór idir 70-80 rangaítear go mbeadh sé 'measartha éasca a léamh'. Dá airde an scór, is ea is mó a mheastar an téacs a bheith éasca a léamh. Bunaithe ar an anailís ghearr sin, is féidir linn a chinneadh gur bhain leibhéal arda inléiteachta leis an téacs Béarla ar hse.ie agus gov.ie. Baineadh úsáid as a lán den téacs sin ansin mar théacs foinse d'aistriúchán.

Mar sin féin, is fiú a thabhairt faoi deara gur iarr roinnt páirtithe leasmhara leaganacha 'atá éasca a léamh' den fhaisnéis a bhí á cur amach, rud a thug le tuiscint nach raibh na téacsanna ar fáil dóibh siúd a raibh a litearthacht Bhéarla an-teoranta.

## 3.2 Agallaimh

Tá an roinn seo roinnte ina dhá fhoroinn: Dírítear i roinn 3.2.1 ar ár dtorthaí i ndáil le cód 1: beartas agus dea-chleachtas agus dírítear i roinn 3.2.2 ar chód 2: tionchar ar iompar mionlach teangeolaíoch.

### 3.2.1 Beartas agus cleachtas

Tá na príomhthorthaí a fuarthas ó na hagallaimh roinnte sna catagóirí seo a leanas:

- Spriotheangacha
- Cineálacha Ábhair
- Soláthraithe Ábhair
- Bealaí a Úsáideadh
- Litearthacht
- Cleachtais Ghnó

### Spriotheangacha

D'iarramar ar ár n-agallaithe na teangacha a d'aistrigh siad nó ar iarradh orthu iad a sholáthar in aistriúchán a liostú agus cá huair a aistríodh an t-ábhar sin. Tháinig liosta fad teangacha chun

cinn. Bhí na céad teangacha a aistríodh in Éirinn socraithe go mór de réir leathadh geografach an víreas i dtreo na hÉireann, i.e. Mandairínis, Fraincis, Iodáilis, Gearmáinis, agus Spáinnis. Bhí na céad teangacha eile a aistríodh in Éirinn socraithe de réir déanamh ilchultúrtha na hÉireann; e.g. Polainnis, Liotuáinis, Rómáinis, Portaingéilis na Brasaíle, agus Araibis. Ina dhiaidh sin, aistríodh teangacha eile ar iarratas ó pháirtithe leasmhara sonracha, e.g. Seicis, Urdúis, Hiondúis, etc. Mar a fheictear ónár bhfianaise dhoiciméadach (Tábla 1), cuireadh ábhar ar fáil i líon mór teangacha, ach is cosúil go raibh straitéis measartha randamach i gceist lena chinneadh cad é an t-ábhar a bhí le haistriú agus do cén teanga.

Ceist shuntasach a d'ardaigh duine dár n-agallaithe, an Dr John Walsh ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ná an t-aistriú mall i gcomhair soláthar ábhair i gceann de theangacha oifigiúla na hÉireann, an Ghaeilge. Bhí braistint láidir ann gur cuireadh an Ghaeilge ar an méar fada. Bhí an t-ábhar i nGaeilge tite chun deiridh ar sholáthar an ábhair i mBéarla agus líomhnaíodh gur sáraíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) nuair a cuireadh comharthaíocht oifigiúil suas i spásanna poiblí i mBéarla amháin. Lena chois sin, mothaíodh go raibh cumarsáidí an rialtais trí sheisiúin faisnéise don phreas in easnamh i gcomhthéacs an cineál sin ábhair a chur ar fáil do Ghaeilgeoirí. Bhí mothú ann gur tugadh tús áite do theangacha eile thar an nGaeilge nuair a bhain sé le haistriúchán. Bhí ar bhealaí na meán príobháideach, e.g. Tuairisc.ie, ábhar a sholáthar an rialtas i mBéarla a aistriú.

Mar an gcéanna leis an nGaeilge, níor soláthraíonn ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann le linn na seisiún faisnéise tosaigh maidir le Covid-19 agus ní raibh faisnéis ar bith i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil ar shuíomh gréasáin an FSS. Níor thosaigh an rialtas ag cur ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil ach i ndiaidh 'brústocaireacht fhíochmhar' a rinne Cumann Bodhar na hÉireann ina sheisiúin faisnéise laethúla, agus tá sé sin á dhéanamh acu ar bhonn comhsheasmhach ó shin (Cradden 2020). Chomhoibrigh Cumann Bodhar na hÉireann chomh maith leis an FSS chun sraith físeán a sholáthar ar a raibh faisnéis i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann maidir le Covid-19, ach cháin sé an FSS as an dul chun cinn mall, go háirithe agus práinn an chás á cur san áireamh. Cuireadh béim ar an easpa ateangaireachta i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann i bhfógraí teilifíse maidir le comhairle sláinte poiblí Covid-19 chomh maith, nach raibh fotheidil ar bith i mBéarla iontu ach an oiread. Tuairiscíodh deacrachtaí cumarsáide eile chomh maith, amhail na himpleachtaí a bhaineann le masc a chaitheamh do phobal na mbodhar agus an easpa ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann le linn gnáthaimh tástála (Murray 2020).

Is féidir a fheiceáil go ndearnadh aistriúchán le haghaidh réimse leathan sprioctheangacha le linn na tréimhse atá á hanailísiú. Is fianaise é sin, creidimid, ar an aitheantas atá ag méadú gur sochaí ilteangach agus ilchultúrtha í Éirinn. Bhí beartú tosaíochta na dteangacha spreagtha gan amhras ag cineál na bagartha agus a leathadh geografach ar dtús, agus cuireadh bonn taca faoi ansin le hiarratas ó pháirtithe leasmhara sonracha laistigh den tír.

Ag an am céanna, tá ceachtanna úsáideacha le baint as ár bhfianaise dhoiciméadach agus as ár n-agallaimh chomh maith.



- Ní mór tús áite a thabhairt do na teangacha oifigiúla sa tír i gcumarsáid an rialtais, rud a chiallaíonn an t-ábhar céanna atá á sholáthar i mBéarla a sholáthar sna teangacha sin gan aon mhoill agus a chinntiú go bhfreastalóidh seisiúin faisnéise an rialtais agus tuairiscí nuachta ó bhealaí meán atá maoinithe ag an stát ar gach teanga oifigiúil ar bhonn dóthanach. Tá sé taobh amuigh de réimse na tuarascála seo an beartas teanga agus na díospóireachtaí eacnamaíocha a bhaineann leis an topaic seo go minic a phlé. Ar a laghad ar bith, is ceanglas reachtach atá i gceist.
- Trí phróifíl theangeolaíoch ar na pobail theangeolaíocha sa tír a bheith ann beifear ábalta cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le beartú tosaíochta ábhair aistrithe.
- Má dhéantar cumas aistriúcháin imleor do theangacha a bhaineann le formhór bhaill phobail CALD a chinntiú, is féidir aistritheoirí, agus ateangairí de réir mar is gá, a aithint agus a fháil ar conradh go gasta. Ba cheart tús áite a thabhairt do chumas aistriúcháin imleor don Ghaeilge agus do chumas ateangaireachta Theanga Chomharthaíochta na hÉireann chomh maith. Is féidir é sin a bhaint amach trí chlár oiliúna foirmiúla, amhail na cinn atá ar fáil in ollscoileanna cheana.
- Le haghaidh roinnt teangacha, lena n-áirítear an Ghaeilge, d'fhéadfadh an cumas aistriúcháin a bheith teoranta. Breathnaigh ar réitigh tacaíochta teicneolaíochta roimh ghéarchéim chun táirgiúlacht a mhéadú. Áireofaí leis sin uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe amhail teicneolaíocht *Cuimhne Aistriúcháin* agus *Meaisínáistriúchán*.

## Cineálacha ábhair

Dar lenár n-agallaithe chomh maith lenár bhfianaise dhoiciméadach atá curtha i láthair thuas, rinneadh réimse suntasach cineálacha ábhair a sholáthar le linn na paindéime. Áiríodh leo sin ábhar scríofa amhail:

- Póstaeir (e.g. póstaeir faisnéise ag an aerfort, Bí Sábháilte, Fan sa Bhaile, Cocúnú etc.);
- Leabhráin;
- Bileoga;
- Inneachar gréasáin;

chomh maith le hábhar físeán, e.g.,

- d'úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann;
- agus don phobal Romach a raibh fadhbanna litearthachta acu;
- dóibh siúd in ionaid soláthair dhíreach.

Bhí grafaicí i gcuid den ábhar teacsúil chomh maith. Bhí an úsáid mhór as grafaicí ina fadhb d'aistriúchán chomh maith toisc gur theastaigh ilbhabhtaí de sheiceálacha cáilíochta ina leith lena chinntiú gur cuireadh an téacs ceart isteach sa ghrafaic cheart. Ba earráid a tharraing raic i meáin na hAstráile é gur cuireadh an teanga mhícheart isteach i ngrafaicí (féach Dalzell 2020).

Measadh go raibh cuid den ábhar ina théacs ginearálta, simplí, ach bhí cuid de measartha speisialaithe chomh maith toisc gur baineadh as an bhfearann leighis é agus gur theastaigh sainaistritheoirí ina leith.

Go ginearálta, mheasfaí gur dea-chleachtas a bheadh ann i ngéarchéim faisnéis a chur in iúl i gcineálacha iomadúla formáidí agus is féidir linn a fheiceáil ón liosta thuas gur úsáideadh bealaí éagsúla in Éirinn chun an fhaisnéis a scaipeadh.

Le linn ár n-agallamh, luadh cineálacha éagsúla sprioclucht spéise don ábhar sin lena n-áirítear oibrithe imirceacha, an pobal Romach, Taistealaithe, daoine gan dídean, daoine ag a bhfuil fadhbanna mí-úsáide substaintí, Gaeilgeoirí, pobail na mBodhar, pobail na ndall, agus tuismitheoirí pháistí CALD a bhí ag filleadh ar scoil.

Is iad seo a leanas na ceachtanna tábhachtacha maidir le cineálacha ábhair a baineadh as ár n-agallaimh:

- Tá speisialtóir tiomanta grafaicí laistigh de réiteach na foirne aistriúcháin tábhachtach chun mearphróiseáil na ngrafaicí aistrithe a éascú; ba cheart go mbeadh tacaíocht ag an speisialtóir grafaicí chomh maith ó speisialtóirí teanga lena chinntiú go ndéanfar an teanga agus an script cheart a leabú sna grafaicí.
- Le haghaidh cuid d'ábhar Covid-19, ach ní é ar fad, bhí sé tábhachtach go raibh rochtain ar aistritheoirí a bhí speisialaithe san fhearann leighis; Trí bhunachar sonraí d'aistritheoirí agus ateangairí speisialaithe leighis a bhunú chuirfeadh leis an ullmhacht le haghaidh géarchéimeanna.
- Chun léiriú ábhair físeán gairmiúil a éascú, rud a mholtar go mór mar bhealach éagsúil le haghaidh cumarsáide, caithfidh cumas léirithe físeán a bheith ag an gcoimisinéir aistriúcháin agus/nó soláthraí seirbhíse. Bhí bac curtha air sin mar gheall ar an ndianghlasáil os rud é nach bhféadfadh 'voice talent' taisteal agus go raibh na stiúideonna taifeadta dúnta. Le haghaidh cúinsí dá leithéid, moltar fotheidealú a úsáid mar rogha eile.

### **Soláthraithe ábhair**

Bhí an EDS ina fhoinsé thábhachtach faisnéise do sholáthraithe oifigiúla ábhair ar an gcéad dul síos, agus thosaigh na ranna rialtais ag cruthú á n-ábhair féin ansin, lena n-áirítear an FSS, an Roinn Dlí agus Cirt, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Cé gur bhain an t-ábhar tosaigh leis an tsláinte, ba léir roimh i bhfad go raibh ábhar a bhain le cúrsaí eile ríthábhachtach, e.g. athnuachan ceada cónaithe, cearta oibrithe dá scaoilfeadh chun bealaigh iad, cearta a bhaineann le fógraí díbeartha etc. D'éirigh an gá a bhí le cumarsáid a dhéanamh leis na daoine imeallaithe sa phobal, e.g. daoine gan dídean, iad siúd a bhfuil fadhbanna mí-úsáide substaintí acu, follasach chomh maith. Bhain na ranna stáit sin leas as an gcaidreamh reatha le soláthraithe seirbhíse teangacha oifigiúla (nó gníomhaireachtaí aistriúcháin) chun soláthar ábhair aistrithe a chinntiú.

Dar le roinnt agallaithe, bhí mearbhall éigin ann maidir le cé acu roinn rialtais a raibh an fhreagracht acu as ábhar sonracha agus a aistriúchán. Bhí mothú míshástachta i roinnt agallamh

chomh maith mar gheall ar an ráta mall ag a raibh an t-ábhar á aistriú. Go tábhachtach, léiríodh an pointe, cé go ndearnadh ábhar a aistriú go dtí a lán teangacha agus formáidí éagsúla, tá an seans ann nár chuala an lucht spéise don ábhar sin faoin FSS riamh agus is dócha nár bhain siad úsáid riamh as a suíomh gréasáin áit a raibh a lán faisnéise á postáil. Lena chois sin, cé go bhfuil a lán taithí ag <sup>4</sup>náisiúnaigh Éireannacha scothaosta leis na meáin thraidisiúnta sa tír (na nuachtáin náisiúnta, stáisiúin teilifíse agus raidió), is lú seans atá ann go bhfuil taithí ag inimircigh ar na bealaí sin nó conas iad a rochtain. Dá réir sin, ghlac grúpaí eile taobh amuigh de ghníomhaireachtaí foirmiúla an rialtais an ról maidir le soláthar ábhair i dteangacha seachas Béarla.

Sampla suntasach anseo is ea Seirbhís Dhomhanda Covid-19<sup>5</sup>, a aithníonn an gá le hábhar a chur amach chuig pobail CALD go gasta, i bhformáid a mbeadh rochtain éasca acu air, a chuirfeadh daoine a labhair a dteanga in iúl, a bhí údarásach, agus a bhí cosúil leo. Earcaíodh gairmithe sláinte ó chultúir éagsúla ó gach cearn den tír chun ábhar a chruthú in aistriúchán agus chun teachtaireachtaí físe a thairneadh a scaipeadh ansin trí WhatsApp agus trí bhealaí eile chuig grúpaí pobail ábhartha. Ghlac eagraíochtaí seachbhrabúsacha eile ról mar sholáthraí agus aistritheoirí ábhair, ag baint úsáid corrúair as baill foirne dhátheangacha nó cliaint a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí pobail sonracha chun an t-ábhar sin a aistriú. D'iarr grúpaí níos lú orthusan ansin cuidiú leo ábhar a chruthú.

Faoi mar a luadh thuas, tháinig meáin na Gaeilge isteach sa scéal maidir leis an sárú i ndáil le soláthar ábhair i nGaeilge. Chruthaigh iriseoirí i stáisiúin teilifíse agus raidió Gaeilge agus sna meáin ar líne ábhair i nGaeilge nach raibh curtha ar fáil cheana ag eagraíochtaí stáit.

Dearbhaíodh i roinnt dár n-agallaimh go ndeachaigh roinnt daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil a n-oilteacht sa Bhéarla teoranta i muinín an Idirlín le haghaidh ábhar ábhartha chomh maith. Chiallaigh sé sin, áfach, go raibh faisnéis faoin víreas, chomh maith le treoracha ar iompraíocht á rochtain acu, a bhain lena dtír thionscnaimh féin agus nár bhain le hÉirinn. Dóigh ní ba shábháilte le faisnéis a fháil ná trí na meáin shóisialta, go háirithe pobail easaoránach ar líne. Mar shampla, agus an líon mór saoránach as an mBrasaíl atá ina gcónaí in Éirinn, tá líon pobal ar líne tagtha chun cinn amhail *Irlanda News*<sup>6</sup> nó *Calcinhas in Ireland*<sup>7</sup>. Bhí siad sin ina bhfoinse thábhachtach d'fhaisnéis aistrithe, go háirithe do chainteoirí Phortaingéilis na Brasaíle a raibh a n-oilteacht sa Bhéarla teoranta. Chomh maith leis na foinsí sin ar líne, dhearbhaigh roinnt dár n-agallaithe gur úsáid siad seirbhísí aistriúcháin meaisín ar líne amhail Google Translate chun cuidiú leo teachtaireachtaí a thuiscint, ach thaispeáint siad chomh maith go raibh a fhios acu faoi inearráideacht na dteicneolaíochtaí sin.

---

<sup>4</sup> Reáchtáil an FSS feachtais chomh maith do dhaoine níos óige ar ardáin amhail TikTok, Facebook agus Twitter: <https://www.thejournal.ie/tiktok-hse-covid19-5285061-Dec2020/>

<sup>5</sup> Tionscadal deonach is ea Seirbhís Dhomhanda Covid-19 (<https://nascireland.org/covid-19-world-service>) a léiríonn físeáin ilteangacha, ina soláthraíonn dochtúirí ginearálta náisiúntachta éagsúla atá bunaithe in Éirinn faisnéis sláinte poiblí maidir le Covid-19. Ó mhí na Samhna 2020 i leith, léirigh siad físeáin in os cionn 30 teanga.

<sup>6</sup> Tá *Irlanda News* ar fáil ag <https://www.facebook.com/IrlandaNews.ie>

<sup>7</sup> Tá *Calcinhas in Ireland* ar fáil ag <https://www.instagram.com/calcinhasinireland/?hl=en>

Feictear gur thuig na húdaráis stáit go gasta gur bhain an cineál ábhair a bhí le haistriú, ní leis an tsláinte amháin, ach lena lán gnéithe eile den saol a ndeachaigh an phaindéim i gcion orthu. Toisc go n-oibríonn a lán pobail imirceach sa tionscal seirbhíse in Éirinn, is mó seans go rachadh dúnadh gnólachtaí i gcion go mór orthu amhail caiféanna, óstáin, foirgnimh thráchtála etc. Bhí sé tábhachtach, dá réir sin, go ndéanfaí an réimse leathan ábhair a bhí le haistriú a aithint, lena n-áirítear, mar shampla, cearta oibríthe.

D'fhéadfaí líon mór ceachtanna a fhoghlaim trínár n-agallaimh le páirtithe leasmhara éagsúla.

- I ngéarchéim, cosúil leis an gceann atá curtha i láthair ag Covid-19, teastaíonn cur chuige comhordaithe ó ranna rialtais maidir le hábhar aistrithe a sholáthar. Chuideodh pleanáil cásanna le cineálacha géarchéimeanna amach anseo le comhordú agus, dá réir sin, le luas sheachadadh an ábhair.
- I sochaí ilteangeolaíoch ar bith, tá acmhainn shaibhir daoine aonair CALD ann ar féidir a iarraidh orthu gníomhú mar dhroichid do ghrúpaí a bhfuil sé deacair teacht orthu. Is cosúil go mbeidh níos mó muiníne i gceist le duine a amharcann cosúil leat agus a labhraíonn cosúil leat, gan an méadú ar an seans go gcloíff le treoir iompraíochta a lua, amhail scaradh sóisialta agus maisc a chaitheamh. Trí aithne a bheith ar na daoine aonair sin agus modhanna réamhphleanáilte a bheith ann chun teacht ar phobail éascófaí cumarsáid níos éifeachtaí nuair a tharlódh géarchéim.
- Tá líonraí agus rochtain ar phobail CALD bunaithe cheana ag eagraíochtaí seachbhrabúsacha ábhartha; Ciallaíonn comhpháirtíochtaí straitéiseacha, roimh ghéarchéimeanna, gur dócha go bhfaighidh pobail faisnéis rithábhachtach níos tapúla agus go bhféadfadh sé go mbeadh leibhéal níos airde muiníne acu san fhaisnéis sin.
- Mar sin féin, i bpointe (3) thuas tugtar paradacsa isteach: léirítear inár n-agallaimh gur iarraidh ar bhaill foirne in eagraíochtaí seachbhrabúsacha gníomhú mar aistritheoirí agus mar ateangairí neamhfhoirmiúla. Cé go bhféadfadh leibhéal níos airde muiníne a bheith mar thoradh air sin, cuireann sé rioscaí i láthair chomh maith mura bhfuil na baill foirne sin oile mar aistritheoirí nó mar ateangairí. Ba cheart oiliúint nó treoir don chineál sin róil a thabhairt isteach mar chuid de chlár ullmhachta. Ba cheart rud ar a dtugtar 'Lítearthacht Meaisínáistriúchán' a bheith san áireamh leis an oiliúint sin, i.e. fios a bheith agat conas agus cathain teicneolaíocht aistriúcháin meaisín a úsáid.<sup>8</sup>

## Bealaí a úsáideadh

Faoi mar a luadh thuas, soláthraíodh cineálacha éagsúla ábhair chun faisnéis a scaipeadh. Chomh maith le bealaí traidisiúnta scaipthe amhail ábhar priontáilte agus ábhar suíomhanna gréasáin, luaigh ár n-agallaithe bealaí eile chun faisnéis a úsáid agus a scaipeadh. Tá sé

---

<sup>8</sup> Tabhair do d'aire gur cruthaíodh acmhainní oiliúna den sórt sin tríd an tionscadal INTERACT, atá ar fáil anseo: [https://www.youtube.com/channel/UCRbg0k\\_1W8KU1xDFqZjDZtg/](https://www.youtube.com/channel/UCRbg0k_1W8KU1xDFqZjDZtg/)

aitheanta go maith i litríocht cumarsáide géarchéime go moltar éagsúlacht i mbealaí mar go gciallaíonn sé sin go bhféadadh sé go bhfaighidh níos mó daoine faisnéis. Chuir roinnt agallaithe in iúl gur bhraith pobail CALD go mór ar bhealaí na meán sóisialta, amhail WhatsApp agus Facebook. Luadh bealaí eile, áfach, amhail stáisiúin raidió (e.g. Spirit.fm), séipéil agus eagraíochtaí amhail grúpaí tacaíochta imirceach, ceardchumann, fostóirí, agus scoileanna teagaisc an Bhéarla. Cheap duine dár n-agallaithe gur laige a bhí ann an fhreagracht a chur ar fhostóirí a chinntiú go bhfaigheadh oibríthe imirceacha faisnéis shoiléir agus thráthúil, áfach.

Is iad seo a leanas na rudaí is suntasaí a d'fhoghlaimíomar as sin:

- Moltar réimse bealaí éagsúla cumarsáide a úsáid.
- Tá sé contúirteach má bhraithfear ar fhostóirí amháin chun faisnéis a scaipeadh. Ba cheart bealaí breise a úsáid chun díriú ar oibríthe imirceacha go háirithe.
- Lorgóidh pobail CALD faisnéis ó bhealaí éagsúla ach d'fhéadfadh sé go mbeadh faisnéis agus treoirínte nach mbaineann leis an gcás áitiúil i gceist leis sin. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí teagmháil trí bhealaí éagsúla le pobail CALD lena chinntiú go mbeidh faisnéis ábhartha áitiúil ar fáil go héasca.
- D'fhéadfadh an tSeirbhís Eolais do Shaoránaigh a bheith ina hacmhainn úsáideach chun faisnéis ilteangach a sholáthar.<sup>9</sup>

## Litearthacht

Bhí litearthacht ina thopaic a ardaíodh go mion minic. Aithníodh go raibh litearthacht an-íseal nó nach raibh litearthacht ar bith ag cuid den lucht spéise ar díriodh orthu le haghaidh na faisnéise maidir le Covid-19 i mBéarla. Dóibh siúd a raibh a litearthacht sa Bhéarla íseal, soláthraíodh leaganacha den ábhar a bhí 'éasca a léamh' agus rinneadh iad a aistriú go teangacha eile ina dhiaidh sin (féach Tábla 1). Dóibh siúd nach raibh litearthacht ar bith acu, rinne an FSS físeáin chomhuaineacha.

Tháinig an litearthacht dhigiteach chun cinn chomh maith mar fhadhb shuntasach inár n-agallaimh. Bhí fáil ar fhaisnéis trí leaganacha páipéir (ach theastaigh bunscileanna litearthachta ina leith sin) nó tríd an raidió nó teilifís. De réir mar a d'athraigh an fhaisnéis go gasta, áfach, cuireadh méid suntasach de trí thimpeallachtaí ar líne amhail suíomhanna gréasáin nó aipeanna na meán sóisialta. Bhain fadhb leis sin do dhuine ar bith a raibh a scileanna litearthachta digití íseal, amhail daoine scothaosta. Lena chois sin, fiú má bhí a fhios agat conas suíomh gréasáin a rochtain, tugadh faoi deara go raibh sé deacair teacht ar an bhfaisnéis i dteangacha sonracha.

---

<sup>9</sup> Dearbhaíodh i seiceáil ar an 16 Samhain 2020 go raibh faisnéis ar an suíomh gréasáin seo (citizensinformation.ie) ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge amháin, ach ní raibh roinnt de na doiciméid a bhain le Covid-19 ar fáil i nGaeilge.

Bhí soláthar faisnéise atá éasca a léamh ina fhianaise ar dhea-chleachtas sa chás sin, don Bhéarla agus do theangacha in aistriúchán arson. Lena chois sin, bhí aitheantas nach leor sin ann féin trí sholáthar ábhair físeán comhuaineach ina fhianaise ar dhea-chleachtas chomh maith agus léiríonn sé feasacht faoi fhadhbanna litearthachta a d'fhéadfadh a bheith i sochaí na hÉireann.

- A chinntiú go bhfuil oiliúint ag cruthaitheoirí ábhair roimh ré chun ábhar atá 'éasca a léamh' a sholáthar ionas nach mbeidh siad ag foghlaim conas é sin a dhéanamh ar ala na huaire.
- A chur san áireamh go bhféadfadh sé nach bhfuil scileanna litearthachta ar bith ag bail den tsochaí agus go bhféadfadh cineálacha eile ábhair a bheith ag teastáil uathu, amhail ábhar físeán.
- Cuimhnigh go bhféadfadh spleáchas ar scileanna litearthachta digití roinnt ball den tsochaí a scoitheadh amach, amhail daoine scothaosta; Breithnigh sásanna eile amhail grúpaí pobail réamhbhunaithe a úsáid chun an fhaisnéis sin a aistriú ó bhéal.
- Cuir ábhar suímh ghréasáin ar fáil go héasca ionas nach gcaithfidh daoine 'bheith ag póirseáil' faoina choinne, mar a luadh duine dár gcuid agallaithe.

## Cleachtais ghnó

Rinne beirt dár n-agallaithe trácht ar na cleachtais ghnó a bhaineann leis an éileamh ar sheirbhísí gairmiúla aistriúcháin agus an soláthar lena n-aghaidh le linn na paindéime. Bhí aga ama aistriúcháin tapa de dhíth agus bhí faisnéis á nuashonrú go gasta, go háirithe i gcéimeanna luatha na paindéime, ach freisin nuair a tugadh isteach an cur chuige céimnithe maidir le srianta. Lena chois sin, bhí gá leis an aga ama tapa chun gníomhú in éadan chraoladh na bréagnuachta. Cé nach raibh beartas scríofa ar bith ag an FSS maidir le soláthar aistriúcháin go ginearálta, tá buan-nós imeachta oibríochta i bhfeidhm aige le Soláthraithe Seirbhíse Teanga áirithe agus fuarthas go raibh sé sin tairbhiúil ós rud é nárbh éigean an buan-nós imeachta oibríochta agus na conarthaí a idirbheartú sular cuireadh tús le faisnéis a bhaineann le Covid-19 a aistriú. Chruthaigh na soláthraithe ábhair i gcuideachta leis an FSS foireann inmheánach chun oibriú le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara a raibh ábhar aistrithe de dhíth orthu. Lena chois sin, níor socraíodh srianta buiséid follasacha ar bith maidir le hábhar a aistriú. Rinneadh tionchar a thomhas trí íoslódálacha comhad agus cliceanna ar naisc a áireamh. Aithníodh chomh maith, áfach, nach mór filleadh ar roinnt modhanna cumarsáide níos traidisiúnta (e.g. bileoga) agus bealaí éagsúla a chur ar fáil (e.g. teachtaireachtaí físeán, na meáin shóisialta) mar gheall ar an bpaindéim. Mar gheall go bhfuil Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) ann ní raibh gá le plé nó díospóireacht ar bith faoi sholáthar na Gaeilge; tuigeadh go raibh sé sin ina cheanglas, fiú má soláthraíodh go mall é. Ar an iomlán, treoraíodh gníomhaíochtaí cumarsáide an FSS leis an dea-chleachtas maidir le héigeandálaí a chur in iúl go ginearálta, lena n-áirítear muintín a chothú, faisnéis a dhéanamh inrochtana, éisteacht leis an bpobal, agus cuimsiú sóisialta.

Fuarthas go raibh sé thar a bheith úsáideach gurbh ann do bhuan-nós imeachta oibríochta agus Acht na dTeangacha Oifigiúla ann chomh maith le foireann a chomhordaigh na riachtanais aistriúcháin. Mar sin féin, faoi mar a luadh cheana, tháinig gearáin chun cinn mar gheall ar an luas ag a raibh an fhaisnéis á haistriú, agus go raibh sé deacair teacht ar chuid de trí shuíomh gréasáin an FSS. Bhí sé míshoiléir chomh maith cé acu an raibh nó nach raibh seiceálacha cáilíochta le haghaidh aistriúcháin á ndéanamh ag na comhlachtaí rialtais a raibh na haistriúcháin á gcoimisiúnú acu.

Cé go bhfuil fianaise againn go ndearnadh roinnt soláthar aistriúcháin a ardú go gasta, is féidir ceachtanna a fhoghlaim as chomh maith le haghaidh ullmhacht géarchéimeanna amach anseo:

- Go hidéalach, ba cheart go mbeadh beartas aistriúcháin i bhfeidhm ag comhlachtaí a bhfuil an fhreagracht acu as cumarsáid a dhéanamh le pobail CALD agus ba cheart go mbeadh beartais le haghaidh cásanna éigeandála i gceist leis sin. Féach <http://doras.dcu.ie/23880/> le haghaidh moltaí beartais.
- Buan-nós imeachta oibríochta a bheith i bhfeidhm le soláthraithe seirbhíse teanga iomadúla ar féidir leo teangacha tosaíochta do phróifíl theangeolaíoch an réigiúin a chlúdach. Go hidéalach, bheadh soláthar maidir le cásanna éigeandála san áireamh i mbuan-nós imeachta oibríochta. Mar shampla, má bhíonn aistritheoirí éagsúla i gciosanna ama éagsúla ar fáil d'fhéadfaí aistriúchán a dhéanamh 24 uair an chloig sa lá.
- Acmhainn thiomanta inmheánach a bheith ar fáil arb é a phost nó a post a chinntiú go ndéanfar na héilimh aistriúcháin agus ateangaireachta a chomhordú ar bhonn lárnach. B'fhéarr go mbeadh eolas ag an acmhainn sin ar na cleachtais ghnó maidir le haistriúchán agus ateangaireacht agus a bheith oilte iontu.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le solúbthacht i gcleachtais chaighdeánacha i ndáil le cásanna éigeandála agus ba cheart é sin a phlé mar oiliúint ullmhachta. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gnáthbhealaí scaipthe a athbhreithniú; d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh seiceálacha cáilíochta a athdhearadh do chásanna éigeandála.
- Ní bhíonn aistriúchán le linn géarchéime ina phróiseas néata líneach i gcónaí: d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an bhfaisnéis aistrithe a nuashonrú go minic. Tá sé tábhachtach go bhfaighfí glacadh ó pháirtithe leasmhara eile lena dtuiscint ar an bpróiseas aistriúcháin agus a gcomhoibriú leis a chinntiú.

### 3.2.2 Tionchar ar iompar mionlach teangeolaíoch

Maidir leis an gcód roimhe seo a díriodh ar bheartas agus ar chleachtas, roinneamar na torthaí ónar n-agallaimh ina gcatagóirí dár ndara cód; Is iad seo a leanas na fochatagóirí:

- Méadú ar chastacht na faisnéise i ngéarchéim
- Clúdach an aistriúcháin laistigh den rialtas
- Tuiscint ar na rudaí atá tábhachtach do phobail CALD

## **Méadú ar chastacht na faisnéise i ngéarchéim**

Ag tús na géarchéime, bhraith an FSS go raibh sé ag iarraidh athruithe ar iompar nár bhain a oiread castachta leo. Bhí cumarsáid faoi rudaí amhail béas casachta agus sraothartaí, scaradh sóisialta nó caidreamh sóisialta a shrianadh measartha simplí. Mar thoradh air sin, fuarthas go raibh an t-aistriúchán simplí chomh maith, agus gurbh leor aistriú na bpóstaer faoi na topaicí sin ag tús na géarchéime.

Léirítear le taighde roimhe seo maidir le haistriú géarchéime go dtiocfaidh athrú agus forbairt ar riachtanais faisnéise de réir mar a rachaidh géarchéim chun cinn agus go méadóidh an chastacht a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le cur in iúl. Dhearbhaigh ár n-agallaithe é sin, a d'aontaigh go ginearálta go raibh feasacht mhaith ag imircigh ar bhunteachtaireachtaí Covid-19, a bhí den chuid is mó le póstaer aistriithe. Ba é an rud a bhí in easnamh orthu, áfach, teachtaireachtaí caolchúiseacha le bheith ábalta gnéithe níos casta den fheachtas maidir le freagairt i gcás géarchéime agus sláinte phoiblí a thuiscint.

Chuir ár n-agallaithe béim ar nósanna imeachta úra (e.g. cá huair le hiarratas a dhéanamh ar thástáil Covid-19 nó conas iarratas a dhéanamh le haghaidh íocaíocht dífhostaíochta speisialta), coincheapa úra (e.g. coincheapa a bhféadfaí bríonna éagsúla a bhaint astu (e.g. cad é taisteal nó obair atá riachtanach a chinneadh) mar ábhar faisnéiseach casta i ngéarchéim Covid-19 a raibh gá lena aistriú d'imircigh ag a raibh Béarla teoranta chun a n-iompar a athrú mar is ceart. Féadfar ceacht a bhaint as sin.

- De réir mar a théann géarchéim chun cinn, éireoidh riachtanais faisnéise níos casta i gcónaí. Beidh gá le haistriúcháin lena sholáthrófar níos mó comhthéacs chun leibhéal níos ísle daoine aonair CALD a chúiteamh maidir lena bhfeasacht fhoriomlán suímh, go háirithe chun athrú éifeachtach iompair a bhaint amach.

## **Clúdach an aistriúcháin laistigh den rialtas**

Chuir ár n-agallaithe béim ar an gceist faoin gclúdach easnamhach aistriúcháin a bhí laistigh de rialtas na hÉireann ina iomláine uaireanta le linn na géarchéime. Bhí ciall leis sin go stiúrfadh an FSS cumarsáid maidir le géarchéim sláinte don phobal in Éire, agus, dá réir sin, go mbeadh sé i gceannas ar aistriúchán a chinntiú ar dtús. De réir mar a chuaigh an ghéarchéim chun cinn, áfach, ba léir go raibh baint ag an iompar sláinte poiblí le lear mór gnéithe éagsúla de shaol agus de shlíthe beatha daoine, agus go mbeadh gá le haistriúcháin i réimsí eile den rialtas. Mar



shampla, mhínigh ár n-agallaithe gur theastaigh faisnéis aistrithe den chuid ba mhó ar dhaoine aonair CALD a raibh a n-oilteacht sa Bhéarla teoranta faoi shochair dífhostaíochta nó faoi stádas a víosa má rabhthas ag súil leo gan iarraidh a thabhairt dul chun an obair nó ar scoil. Ar leibhéal níos bunúsaí fós, bhí faisnéis de dhíth ar dhaoine a raibh Béarla teoranta acu agus a tholg an víreas agus a rabhthas ag súil leo féin-aonrú a dhéanamh maidir le conas rudaí a dhéanamh amhail clárú chun siopadóireacht a dhéanamh ar líne in Éirinn.

D'éirigh an FSS níos feasaí faoin ngá níos iomlánaí sin le haistriúchán de réir mar a chuaigh an ghéarchéim chun cinn, agus ag tráth ár n-agallamh thosaigh siad ag smaoineamh ar conas a dhéanfadh siad a mbealach trí an bhforbairt sin agus déileáil le ábhar faisnéiseach a bheadh clúdaithe ag ranna rialtais eile, go háirithe maidir le fostaíocht, leas sóisialach, tithíocht, oideachas agus airgeadas.

Mar sin féin, labhair roinnt agallaithe faoi easpa an chur chuige uile rialtais maidir le haistriúchán, agus d'fhéadfadh sé gur chuir an easpa sin de chlúdach níos leithne nó nár cuireadh ceisteanna ilteangacha thar an tsláinte phoiblí san áireamh bac ar athrú cuí ar iompar i measc roinnt pobail CALD. Ba é seo a leanas an ceacht atá le foghlaim as sin:

- Tá gá le cur chuige uile-rialtas maidir le haistriúchán i gcás géarchéime nuair is é athrú ar scála leathan ar iompar an phobail i dtimpeallacht ilteangach an aidhm. Le géarchéim sláinte mhórsála teastóidh níos mó ná aistriúchán faisnéise a bhaineann leis an tsláinte amháin. Beidh tionchair ag faisnéis maidir le gach gné de shaol agus de shlite beatha daoine aonair CALD--lena n-áirítear fostaíocht, leas sóisialach, tithíocht, oideachas agus airgeadas--ar a n-iompar agus beidh gá breithniú orthu lena n-aistriú.

## **Tuiscint ar na rudaí atá tábhachtach do phobail CALD**

Patrún deiridh chun cuidiú le míniú a thabhairt ar iompar pobal CALD sa ghéarchéim ba ea nach ndearadh tuiscint bhunúsach ar cad a bhí tábhachtach do phobail CALD a ghabháil nó a thuiscint go hiomlán i mbeartais nó i gcleachtais rialtais. Bhí sé sin le feiceáil, mar shampla, in úsáid shuíomh gréasáin an FSS mar mhórbhealach cumarsáide le haghaidh ábhar aistrithe; cliseadh leis an rogha sin a aithint nach raibh an suíomh gréasáin ina bhealach tábhachtach (nó ceann a bhí ar eolas fiú) do go leor pobail CALD. Mar an gcéanna, d'áitigh roinnt agallaithe gur thaispeáin rialtas na hÉireann tuiscint lag ar an eagla a bhí taobh thiar d'iompar a lán daoine aonair CALD. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh eagla roimh bheith scoite ón teaghlach agus ón bpobal, eagla go mbeifí i dtrioblóid leis na húdaráis (go háirithe ábhartha d'iarrthóirí tearmainn), eagla roimh an stiogma sa phobal i gcoitinne, eagla go gcuirfí amach as a dteach iad ina dtáscairí i bhfad níos fearr maidir le hiompar a lán daoine CALD ná eagla a bhain go díreach leis an tsláinte i ngéarchéim Covid-19.

D'áitigh agallaithe go bhféadfaí cuid den eagla sin a mhaolú (agus iompar cuí a spreagadh) dá mba rud é gur cuireadh aistriúcháin ar fáil chun níos mó eolais a thabhairt faoi phróisis tástála

Covid-19, a gcearta a chur in iúl d'oibrithe imirceacha, iad a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí leasa shóisialaigh a bhí ar fáil dóibh, agus mar sin de.

Mhínigh an FSS gurb é a ngnáthphróiseas i bhfeachtas maidir le hathrú ar iompar go n-oibreodh siad le pobail chun tuiscint a fháil ar na tosca comhthéacsúla agus cultúrtha is ábhartha i ndáil leis an bpobal sin. Le brúnna ama, bearta um scaradh sóisialta, agus srianta taistil, cuireadh cosc orthu an chéim thábhachtach sin i gcuid dá gcuid oibre le linn na géarchéime seo a ghlacadh. Féadfar trí cheacht eile a fhoghlaim ag an bpointe seo:

- Tá tuiscint ar fheasacht suímh agus comhthéacs faisnéise pobail CALD--go háirithe, na cineálacha ábhair, soláthraithe, agus na bealaí atá tábhachtach dóibh agus a n-úsáideann siad go rialta lasmuigh de ghéarchéime--ina chéad chéim thábhachtach i bhfeachtas maidir le hathrú ar iompar i dtimpeallacht ilteangach.
- Is céim thábhachtach í chomh maith go dtuigfear an eagla atá taobh thiar d'iompar ball pobail CALD i bhfeachtas maidir le hathrú ar iompar i dtimpeallacht ilteangach.
- Ba cheart aistriúchán a úsáid i ngéarchéim chun sásanna aiseolais a chur ar bun le pobail CALD. Níor cheart nach mbeadh an chumarsáid i ngéarchéim ina gcumarsáid aontreoch agus ón mbarr anuas amháin. Tá idirphlé le pobail, a chumasaítear trí aistriú agus ateangaireacht, ríthábhachtach chun athrú éifeachtach ar iompar a bhaint amach.

### 3.2.3 Muinín

Ceist is ea muinín a bhaineann lenár gcódú maidir le beartas agus cleachtas agus maidir leis an tionchar ar bheartas agus ar chleachtas ar iompar mionlach teangeolaíoch. Cuirimid i láthair anseo é ar leith ó na ranna eile chun cuntas a thabhairt air sin.

D'aithin an FSS go bhféadfadh sé nach mbeadh muinín ag roinnt pobal go héasca agus d'oibrigh siad chun muinín a chothú leo. Léirigh siadsan agus agallaithe eile go bhfuil sé deacair muinín a chothú (go háirithe le dídeanaithe nó iarrthóirí tearmainn) agus go bhfuil sé éasca muinín a chailleadh. Luaigh an FSS a gcuid oibre leis na pobail Romach mar shampla den deachleachtas maidir le muinín a chothú ar mian leo é a chur chun feidhme le gach pobal.

Ní mór dúinn gan dearmad a dhéanamh de ach oiread, toisc nach bhfuil muinín i bhfaisnéis, nach gciallaíonn sé sin nach mbainfear úsáid aisti, go háirithe i ngéarchéim. Déanann daoine ríomhanna casta riosca agus cinneadh á dhéanamh acu muinín a bheith acu i bhfaisnéis. Mar thoradh ar na ríomhanna sin d'fhéadfadh sé go bhforchuirfeadh siad pionós ar roinnt faisnéise agus nach mbeadh muinín acu aisti go hiomlán ar feadh seala go dtí go mbeidh faisnéis eile ar fáil. Mar shampla, mhínigh roinnt agallaithe nach raibh muinín ar bith in aistriúchán meaisín ach gur bhain a lán daoine úsáid as le linn na géarchéime. Is é an chéad cheacht atá le foghlaim maidir le muinín nó a nádúr dinimiciúil.

- Ní bhíonn muinín nó mímhúinín i bhfaisnéis aistrithe (nó faisnéis ar bith a bhaineann le géarchéim) buan. Déanfaidh imircigh ríomhanna éagsúla muiníne a dhéanamh ag amanna éagsúla faoi chomhthéacsanna éagsúla. Ba cheart go ndíreofaí i mbeartas agus i gcleachtas ar bhearta chun muinín a chothú agus déileáil go gasta le cásanna a mbíonn mímhúinín mar thoradh orthu, ag cur san áireamh go bhféadfaí úsáid a bhaint fós as faisnéis as bhfuil muinín aisti agus faisnéis nach bhfuil muinín aisti.

Le taighde reatha maidir le muinín léirítear gur féidir í a aistriú ó thimpeallacht nó ó pháirtí leasmhara amháin go ceann eile (e.g. Strub agus Priest 1976; Milliman agus Fugate 1988; Stewart 2003). Dhearbhaigh roinnt agallaithe é sin. Cuireann siad síos ar mhúinín a aistrítear ó thimpeallachtaí eile go timpeallacht Covid-19 agus d'áitigh siad gur cheart don FSS níos mó a dhéanamh lena ábhar aistrithe a fhógairt i measc príomhphointí teagmhála pobail a raibh muinín ag baill de phobail CALD astu cheana. Áiríodh orthu sin dochtúirí ginearálta (tá níos mó seans ann go mbeadh siad ina bpointe teagmhála ná mar a bheadh an FSS), múinteoirí (chun an faisnéis cheart a thabhairt do thuismitheoirí), agus eagraíochtaí pobail i gcoitinne amhail Nasc, Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn, nó Cros Dhearg na hÉireann. D'fhéachadh cuid de na teagmhálaithe iontaofa sin an cuspóir a bhaineann le gníomhaíochtaí aistriúcháin sa ghéarchéim a fheiceáil i gcomhthéacs leathan. Dóibhsean, níorbh é le heolas a thabhairt d'imircigh amháin a bhaineann feidhm an aistriúcháin. Is bealach iad aistriúcháin chun meas a léiriú ar na himircigh sin, cruinneas agus iontaofacht foinsí áirithe faisnéise a chur ina luí orthu, agus muintearas a cothú chun glacadh le freagairt na hÉireann i gcás géarchéime a mhéadú. Mhol roinnt rannpháirtithe go bhféadfadh teicneolaíocht a bheith ina bhealach le faisnéis a nascadh ó fhoinsí oifigiúla le heagraíochtaí agus le daoine aonair a mbeadh muinín astu roimh ré. Ba é seo an leanas an dara ceacht atá le foghlaim anseo:

- Treisiú a dhéanamh ar na teagmhálacha a bhfuil muinín astu mar phointí dáileacháin le haghaidh faisnéis aistrithe agus pointí bailithe le haghaidh aiseolas aistrithe ó phobail CALD, ag cuimhneamh ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid iltreoch i ngéarchéimeanna.

Go ginearálta, tá cumarsáid idir piaraí tábhachtach do phobail CALD i ngéarchéim--go háirithe dídeanaithe nó iarrthóirí tearmainn--mar bhealach chun muinín i bhfaisnéis a chothú trína cros-seiceáil le foinsí eile agus trí leas a bhaint as saineolas teanga piaraí níos oilte. Léirítear i ndeimhniú faisnéise ar fud foinsí iomadúla an tríú ceacht gur féidir a bhaint maidir le muinín ó shonraí ár n-agallamh:

- Faisnéis iontaofa a dháileadh i dteangacha cuí i réimse leathan bealaí ionas go ndéanfar faisnéis chruinn iontaofa a neartú agus í á cros-seiceáil.

## 4. Aibíocht um beartas aistriúcháin i gcás géarchéime

Soláthraíonn samhlacha aibíochta creat le measúnú a dhéanamh ar bheartas oifigiúil na hÉireann um aistriúchán i gcás géarchéime. Is ionann samhlacha aibíochta agus bailiúchán tréithe a dheartar chun feidhmíocht a thagarmharcáil i dtimpeallacht ar leith; téann siad chun cinn ó thréithe lena gcuirtear síos ar bhunleibhéal feidhmíochta de ghnáth suas go dtí caighdeán foirfe feidhmíochta ar a dtugtar 'aibí' (Caralli, Knight, agus Montgomery 2012). Is féidir breathnú orthu mar threochlár chun staid reatha a shainaithe agus treoracha i gcomhair feabhais a chur ar fáil (Coimisinéir Theangacha Oifigiúla Cheanada 2020). Baineadh úsáid as samhlacha aibíochta chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht i dtimpeallachtaí agus tírdhreacha beartais éagsúla, lena n-áirítear bainistíocht faisnéise, rialtas digiteach, beartas teanga, ullmhacht i gcás tubaiste (e.g. Katuu 2019; Coimisinéir Theangacha Oifigiúla Cheanada 2020, Mohamed agus Qu 2018).

Leis an dtionscadal seo, féachaimid le haibíocht maidir le cur chun feidhme aistriúcháin mar bheartas laghdaithe riosca i bpaindéim Covid-19 in Éirinn a dearbhú. Mar atá taispeánta againn sa tuarascáil seo, bhí beartas rialtas na hÉireann maidir le cumarsáid phoiblí faoi stiúir na Roinne Sláinte agus an FSS trí Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann. Chun críocha na tuarascála seo, ghlacamar cur chun feidhme an FSS mar chur chun feidhme na hÉireann. Ghlacamar dearcadh leathan chomh maith maidir le beartas maidir le haistriúchán i gcás géarchéime sa pháindéim agus shainíomar é mar aon reachtaíocht, treoir fhoirmiúil, treoir neamhfhoirmiúil, gnáthchleachtas agus cleachtas éigeandála maidir le haistriúchán. Féachtar lenár samhail, dá réir sin, le staid reatha an FSS a thagarmharcáil i gcomhthéacs beartais maidir le haistriúchán i gcás géarchéime agus treoracha a chur ar fáil i gcomhair feabhais ar ullmhú le haghaidh géarchéimeanna amach anseo. Mar gheall ar chineál na géarchéime, dírimid anseo ar an FSS, ach creidimid go bhféadfadh eagraíochtaí eile foghlaim as an measúnú seo chun ullmhú do chineálacha eile géarchéimeanna agus freagairt orthu (e.g. cinn a bhaineann leis an aeráid).

Chun samhail aibíochta iomlán a chruthú bheadh gá le haitheantas, cur síos agus anailíse níos iomláine ar phríomhréithe eagraíochtúla an FSS a bhí lasmuigh de raon feidhme an tionscadail mhearfhreagartha seo. Molaimid samhail tosaigh shealadach chun an méid a bhfuil an chuma air go bhfuil sé ag obair go maith ag an FSS a thabhairt chun suntais agus moltaí a dhéanamh faoi conas feabhsuithe a dhéanamh amach anseo. Tá ár samhail bunaithe ar shonraí teoranta, lena n-áirítear tuairimí beartais a chur baill den FSS in iúl ag agallamh, tuairimí de bheartais an FSS a chuir páirtithe leasmhara eile in iúl i gcomhthéacs ghéarchéim na hÉireann ag agallamh, doiciméid beartas náisiúnta, agus suíomhanna gréasáin an rialtais agus an FSS. Is é ár spreagadh le haghaidh léargas páirteach de sin a sholáthar bunaithe ar mhéid beag sonraí ná tús a chur le hobair a bhfuil súil againn go dtreoródh sí iarrachtaí measúnaithe amach anseo laistigh den Roinn Sláinte.

Sa tuarascáil seo, d'úsáideamar an tsamhail Aibíocht Eagraíochtúil le haghaidh Ullmhacht Tubaistí (Mohamed agus Qu 2018) chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an FSS. Leis an tsamhail sin déantar feidhmíocht na n-eagraíochtaí atá bainteach le hullmhacht tubaistí a dhearadh ar fud cúig leibhéal tréithe, ag aistriú ó chaighdeán bunaidh frithghníomhach feidhmíochta ag Leibhéal 1 go dtí ardchaighdeán réamhghníomhach feidhmíochta ag Leibhéal 5.

Cuirtear síos ar Leibhéal 1 mar “Ad hoc”, i gcás ina ndéantar córais bainistíochta próiseas a thionscnamh”

Cuirtear síos ar Leibhéal 2 mar “Indéanta athuair”, i gcás ina “cuirtear próisis bainistíochta chomhsheasmhacha i bhfeidhm”;

Cuirtear síos ar Leibhéal 3 mar “Sainithe”, i gcás ina “mbíonn próisis sainithe, doiciméadaithe, caighdeánaithe go maith”;

Cuirtear síos ar Leibhéal 4 mar “Bainistithe”, i gcás go bhfuil “forbairt agus cur i bhfeidhm beart cainníochtúil feidhmíochta” ann;

Cuirtear síos ar Leibhéal 5 mar bheith “Ag barrfheabhsú”, i gcás go bhfuil “gealltanais eagraíochtúil maidir le feabhas leanúnach” ann (Mohamed agus Qu 2018: 2).

Tugtar le tuiscint leis an bhfianaise a bailíodh sa tionscadal seo go bhfuil feidhmíocht an FSS idir Leibhéal 2 agus Leibhéal 3. Is cinnte gur chuir an FSS roinnt próisis bainistíochta chomhsheasmhacha i bhfeidhm, faoi mar a fheictear lena mbuan-nós imeachta oibríochta le soláthraí seirbhíse teanga agus lena n-iarrachtaí tuiscint a fháil ar chuid d'éagsúlacht phríofíil theangeolaíoch na hÉireann agus riachtanais chumarsáide a bpobal CALD a d'fhéadfadh a bheith difriúil. Ba léir, chomh maith, go bhféadfadh an FSS roinnt nasc a bhí ann cheana le grúpaí páirtithe leasmhara ábhartha a threisiú agus bhí siad ábalta cleachtais an-mhaith a thaispeáint i gcomhthéacs litearthacht a chur san áireamh, agus mar sin de. Toisc nach raibh an chumarsáid dhá bhealach le pobail CALD cumasaithe i gcónaí, tugtar le fios leis an randamacht agus an easpa luais a bhain le roinnt den aistriúchán, go háirithe le haghaidh teangacha oifigiúla, chomh maith le húinéireacht inmheánach neamhchinnte cheist an aistrithe i gcás géarchéime laistigh den rialtas go bhfuil cuid de na próisis le sainiú agus le caighdeánú mar is ceart fós.

Tá líon gníomhaíochtaí ann a d'fhéadfaí a ghlacadh chun aistriú mar bheartas laghdaithe riosca in Éirinn a aistriú ó stádas bunaidh frithghníomhach go stádas aibí réamhghníomhach. Molaimid go bhféadfadh an FSS a phróisis aistriúcháin i gcás géarchéime a shainiú, a fheidhmíocht aistriúcháin i gcás géarchéime a bhainistiú, agus cáilíocht a phróiseas agus a tháirgí aistriúcháin i gcás géarchéime a bharrfheabhsú chun cumarsáid ilteangach ghéarchéime a bhunú go daingean mar ghné aibí agus réamhghníomhach d'iarrachtaí bainistíochta géarchéime na hÉireann.

## 4.1 Próisis a shainiú

Bheadh sé tairbhiúil don FSS na próisis a d'úsáid siad le haghaidh cumarsáid ghéarchéime i dteangacha iomadúla a thaifeadh. D'fhéadfaí na taifid sin a úsáid ansin chun a bpróisis a

shainiú agus a chaighdeánú. Inár agallamh le hionadaí de chuid an FSS nochtadh nach bhfuil beartas scríofa ar bith ann faoi láthair maidir le haistriúchán i gcás géarchéime san FSS. Ní hionann é sin agus a rá nach raibh próisis an FSS treoraithe. Faoi mar atá léirithe inár dtuarascáil, bhí próisis an FSS treoraithe ag roinnt doiciméid reachtacha, amhail Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, beartas EDS agus beartas um chuimsiú sóisialta an FSS féin, agus athstruchtúrú freagrúil na foirne cumarsáide ag tús na géarchéime. In ainneoin sin, cuirfidh taifeadadh próiseas sainithe sa ghéarchéim roinnt buntáistí i láthair.

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaí am a shábháil agus freagairt níos tapúla a éascú amach anseo le próisis shainithe agus taifeadta. Bhí an buntáiste sin le feiceáil sna buan-nósanna imeachta oibríochta a comhaontaíodh idir an FSS agus a soláthraithe seirbhíse teanga le linn na géarchéime. Tá a fhios ag an FSS go maith an tábhacht a bhaineann le luas cumarsáide rathúla géarchéime agus leis na hagaí moille dosheachanta i bhfaisnéis sláinte poiblí a chaithfear a fháil ó shaineolaithe, a shimpliú do lucht spéise neamh-speisialaithe, a sheiceáil i gcomhair cruinnis ar dtús agus a aistriú ansin. Mar gheall air sin tá sé níos tábhachtaí arís am a shábháil i gcéimeanna ar bith eile sa phróiseas agus chun é a chórasú roimh ré más féidir. Áiríodh le cuid den tsábháil ama a moladh sna sonraí sa taighde seo an t-am a chaitear ag próifiliú riachtanais teanga agus chumarsáide phobail teanga na hÉireann (go áirithe na pobail leochaileacha), an t-am a chaitear ag próiseáil iarratais ad hoc ar aistriúchán de bharr teagmháil ó pháirtithe leasmhara agus ó theagmhálacha pobail éagsúla, agus an t-am a chaitear ag míniú an phróisis aistriúcháin agus na riachtanas aistriúcháin do ranna rialtais lena mbaineann. Tá próifíl mhaith aistriúcháin i gcás géarchéime ag an FSS anois d'Éirinn nár cheart a chailliúint agus ar féidir é a chur in oiriúint agus a fheabhsú i (ráigeanna) ngéarchéimeanna amach anseo.

Ar an dara dul síos, má dhéantar na sonraí agus na próisis úra sin a thaifeadadh i gceart, beifear ábalta iad a roinnt chomh maith, go háirithe le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile. D'fhéadfaí faisnéis dá leithéid a úsáid mar uirlis foghlama d'eagraíochtaí freagartha éigeandála chomh maith. I bpatrún láidir sna sonraí a bailíodh sa taighde seo cuireadh in iúl gur bhain an chumarsáid sa ghéarchéim seo níos mó le ceisteanna sláinte amháin go díreach de réir mar a tháinig an ghéarchéim chun cinn, agus bhí ranna eile atá freagrach as saol agus slíthe beatha daoine tábhachtach do dhaoine aonair CALD chomh maith. D'fhéadfadh próisis taifeadta cumarsáide rathúla ilteangaí arna bhforbairt ag an FSS a bheith tairbhiúil do ranna rialtais eile nach dtuigeann go fóill gur gá a gcuid oibre a chur in iúl i dteangacha eile agus d'fhéadfadh siad cuidiú le cur chuige uile-rialtais maidir le cumarsáid ilteangach ghéarchéime a éascú. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbraitheadh rath cláir vacsáinithe amach anseo ar chumarsáid iontaofa do dhaonra éagsúil na hÉireann ó ranna éagsúla an rialtas.

Cé go bhfuil beartas i scríbhinn úsáideach, ní ráthaítear cur chun feidhme le doiciméad beartais i scríbhinn. Faoi mar a léiríodh leis an taighde seo, níor ráthaigh cosaint agus aitheantas scríofa na Gaeilge nó soláthar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann gur gá go raibh cumarsáid i dteangacha oifigiúla na hÉireann ar fáil nuair ba ghá le linn na géarchéime. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbreithneofaí freagrachtaí agus buiséid a shannadh go soiléir mar bhealach chun cur chun feidhme beartas a éascú; má bhíonn an fhreagracht as aistriúchán i gcás géarchéime soiléir agus má shonraítear líne bhuiséid chun tacú le gníomhaíochtaí

aistriúcháin i gcás géarchéime, is mó an seans gur féidir na próisis a d'fhorbair an FSS a athdhéanamh agus a fheabhsú amach anseo, cé acu an bhfuil beartas scríofa síos nó nach bhfuil. Tugtar le fios lenár sonraí nach raibh buiséid an FSS srianta sa ghéarchéim seo agus go bhfuil méadú tagtha mar gheall ar fhorbairtí sa tírdhreach beartas in Éirinn ar aitheantas na tábhachta a bhaineann le teanga agus comhdhéanamh ilteangach shochaí na hÉireann. Mar sin féin, chuideoidh admháil fhoirmiúil an aistriúcháin i gcás géarchéime (mar shampla laistigh de bheartas agus de bhuiséad aistriúcháin níos leithne) lena chaighdeánú mar chuid de dhóigh an rialtais chun cumarsáid a dhéanamh lena phobail le linn géarchéime.

## 4.2 Feidhmíocht a bhainistiú

Agus próisis agus sonraí aistriúcháin i gcás géarchéime taifeadta acu, is é an chéad chéim eile a d'fhéadfadh an FSS a dhéanamh chun aistriú go beartas níos aibí maidir le haistriúcháin i gcás géarchéime ná cleachtadh machnaimh a dhéanamh le cad é a d'oibrigh agus cad é nár oibrigh a fháil amach agus ansin bearta feidhmíochta a thionscnamh chun freastal ar chritéir inmhianaithe amach anseo.

Faoi mar a mhíníodh thuas, le iniúchadh aibíochta beartais iomlán a dhéanamh, teastaíonn athbhreithniú cuimsitheach ar na tréithe eagraíochtúla, rud atá lasmuigh de shainchúram ár dtionscadail. Lenár sonraí taighde, áfach, moltar dhá phointe machnaimh don FSS a d'fhéadfadh a bheith luachmhar: bainistíocht straitéiseach ar aiseolas, agus úsáid a bhaint as cás dea-chleachtais mar thomhas ratha. Tá na pointí machnaimh sin curtha i láthair anseo leis an admháil gur dócha go bhfuil an FSS ar an eolas faoi na pointí sin cheana agus go mb'fhéidir nach raibh faill acu nó nach raibh na hacmhainní acu fós le machnamh a dhéanamh orthu.

Ba chóir go mbeadh aiseolas díreach ó úsáideoirí agus úsáideoirí beartaithe na cumarsáide géarchéime aistriithe lárnach d'iarracht ar bith feidhmíocht a thomhas. Tá sásanna aiseolais á bhforbairt ag an FSS de réir mar atá an ghéarchéim ag teacht chun cinn, agus ba cheart na hiarrachtaí sin a chórasú agus a bhainistiú ar bhonn foirmiúil ó seo amach, ionas gur féidir rannpháirtíocht le pobail CALD agus a riachtanais agus eolas fúthu a choimeád amach anseo.

Rinneadh iarratais ar aistriúcháin ó chomhpháirtithe pobail agus aiseolas ar na haistriúcháin a fuarthas a phróiseáil ar bhonn ad hoc. Bhí próiseáil na n-iarratas sin agus cinneadh faoi thosaíochtaí am-íditheach. D'fhéadfadh gurb í cinéal ad hoc na n-iarratas ar aistriúcháin agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara an miniú a bhí ar an nádúr measartha randamach sholáthar ábhair aistriúcháin a tugadh faoi deara inár dtaighde. Cur chuige níos straitéisí agus níos bainistithe maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i gcomhthéacs aistriúcháin i gcás géarchéime is ea an moladh maidir leis an FSS a aistriú i dtreo staid bheartais níos aibí. Le hathbhreithniú ginearálta ar na heagraíochtaí comhpháirtíochta a rabhtas i bpáirtíocht leo agus gairm tograí le heagraíochtaí pobail úra mar pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú ón FSS, d'fhéadfadh na heasnaimh sna cásanna nár úsáid pobail áirithe ábhar an FSS a líonadh. D'fhéadfadh sé sin a bheith tábhachtach mar gurb é téama inár sonraí nár chreid na rannpháirtithe go mbeadh a fhios fiú ag na pobail dá ndéanann siad ionadaíocht orthú faoin FSS nó go smaoiníodh siad ar a suíomh gréasáin a sheiceáil i gcomhair faisnéise.

Tá fianaise ann go bhfuil samhlacha ag an FSS cheana den dea-chleachtas le haghaidh cumarsáid aistrithe i ngéarchéim. Léirítear é sin lena míniú ar a gcuid oibre leis an bpobal Romach in Éirinn le linn ghéarchéim Covid-19. An rud tábhachtach maidir le bogadh ar aghaidh ná na prionsabail bainistíochta sin a ghlacadh agus iad a úsáid mar thomhais feidhmíochta i bhfeachtais chumarsáide amach anseo le pobail CALD in Éirinn. Go sonrath, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis na tomhais sin:

- A oiread agus a raibh na ceannairí pobail bainteach go díreach leis an bpleanáil (bhí sé sin tábhachtach i bhfeachtas an FSS leis an bpobal Romach maidir le muinín a chothú);
- A oiread agus a baineadh úsáid as rannpháirtíocht dhíreach leis an bpobal agus as aiseolas uathu chun riachtanais chumarsáide agus na dúshláin a bhain go sonrath leis an bpobal sin a shainaithint (mar shampla, ceisteanna litearthachta agus easpa muiníne sa phobal Romach);
- A oiread agus a saincheapadh ábhar chun freastal ar na riachtanais agus dúshláin shonracha sin (sa chás seo ábhar na bpóstaer agus na mbileog a thiontú go físeáin arna soláthar ag daoine aonair a bhfuil muinín astu);
- A oiread agus a baineadh tráthúlacht agus cruinneas sa chumarsáid amach (ag cuimhneamh nach mbeidh a oiread úsáide le teachtaireacht an-chuí a sheachadfadh duine a bhfuil muinín as nó aisti dá ndéanfaí an fhaisnéis sin a sheachadadh rómhall nó dá mbeadh earráidí inti);
- A oiread agus a úsáideadh bealaí iomadúla ábhartha don scaipeadh (sa chás seo an feachtas leis an bpobal Romach, chiallaigh sé sin ní hamháin físeán a phostáil ar shuíomh gréasáin FSS nó a meáin shóisialta a úsáid, ach bheith ag obair go díreach le bhaill phobal Romach chun na físeáin sin a dháileadh trí WhatsApp).

Ár ndóigh, d'fhéadfadh sé nach mbainfí na bearta sin amach i gcónaí ar leibhéal optamach nó d'fhéadfadh sé nach mbeifí ábalta iad a athchruthú i ngach cás le cumarsáid ghéarchéime le pobail CALD. Is prionsabail láidre threoracha agus tomhais reatha iad, áfach.

### 4.3 Cáilíocht a bharrfheabhsú

Baineann céim dheiridh i dtreo beartas aibí aistriúcháin i gcás géarchéime le tiomantas d'fheabhas leanúnach. Níl amhras ar bith ann faoi thiomantas na bhfoirne ag an FSS atá bainteach leis an gcumarsáid ghéarchéime. Bhí a gcuid oibre agus a dtiomantas ag am criticiúil go hiontach, agus bhí a bhfeachtais chomh maith céanna leis an gcumarsáid ilteangach ghéarchéime a chonacthas i ndlínsí eile. Mar sin féin, d'fhéadfaí iad a fheabhsú i gcónaí toisc go bhforbraíonn géarchéimeanna agus go dtagann géarchéimeanna úra chun cinn. Is í an oiliúint dóigh amháin le feabhas leanúnach a bhaint amach. Le tionscadal INTERACT atá maoinithe ag AE, cruthaíodh lámhleabhar a bhfuil comhairle ann faoin dóigh le hoiliúint a chur ar dhaoine atá bainteach le haistriúcháin i dtimpeallachtaí géarchéime, lena n-áirítear comhairle ar anailís ar riachtanais, ceisteanna eiticiúla, ábhar oiliúna a ullmhú, agus go leor eile.<sup>10</sup>

---

<sup>10</sup> Tá an lámhleabhar oiliúna ar fáil anseo: <https://tinyurl.com/u6o5ajg>



Chomh maith leis an tiomantas d'fheabhas a chur ar na próisis aistriúcháin trí oiliúint, bheadh sé úsáideadh don FSS smaoineamh ar bhearta chun feabhas leanúnach a chur ar tháirgí aistriúcháin. Bheadh sásraí foirmiúla a chur i bhfeidhm ag an FSS le haghaidh meastóireacht ar cháilíocht aistriúcháin ina chomhartha eile de bheartas aibí aistriúcháin i gcás géarchéime. Ní raibh sé soiléir inár sonraí taighde an raibh nó conas a bhí meastóireacht á déanamh ar cháilíochta na n-aistriúcháin a sholáthair an FSS. Is cinnte go gcuideodh sásraí caighdeánacha aiseolais dhíriú le húsáideoirí agus úsáideoirí beartaithe aistriúcháin leis an meastóireacht cháilíochta sin.<sup>11</sup>

## 5. Conclúidí

D'fhéachadh leis an tionscadal mearfhreagartha leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (1) An leibhéal aibíochta maidir le cur chun feidhme aistriúcháin mar bheartas laghdaithe riosca i bpaindéim Covid-19 in Éirinn a dearbhú;
- (2) Tuiscint a fháil ar an dtionchar a bhí ag neamh-aistriú, aistriú mall nó aistriú ar bhain inrochtaineacht íseal leis ar iompar roinnt pobal CALD in Éirinn agus ar a muinín san fhaisnéis a bhí á gcraoladh;
- (3) Cásanna dea-chleachtas agus cásanna ina bhféadfar ceachtanna a fhoghlaim a shainaitheint chun moltaí maidir le cur chun feidhme níos fearr a sholáthar ó seo amach.

Bunaithe ar ár bhfianaise dhoiciméadach agus agallamh, agus ag baint leas as an gcomhlacht stáit ag a raibh an phríomhfhreagairt as faisnéis a bhain le sláinte a chur in iúl le linn phaindéim Covid-19, cuirimid Éire, ar bhonn sealadach, idir Leibhéal 2 (“Indéanta athuair”) agus Leibhéal 3 (“Sainithe”) den tsamhail Aibíocht Eagraíochtúla le haghaidh Ullmhacht Tubaistí (Mohamed agus Qu 2018). Chuireamar moltaí ar fáil maidir le conas is féidir leis an FSS (agus comhlachtaí eile) feabhas a chur ar fheidhmíocht na hÉireann maidir le cumarsáid ghéarchéime amach anseo.

Lenár dtaighde sainaitheint roinnt samplaí de dhea-chleachtas, atá pléite go mion anseo. Chun bém a chur ar roinnt gnéithe fiúntacha, d'aistrigh rialtas na hÉireann faisnéis a bhaineann le Covid-19 go 24 teanga, sholáthair sé leaganacha atá éasca a léamh, agus scaip sé faisnéis ar bhealaí iomadúla. Mar sin féin, shainaitheintimid roinnt ceisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear soláthar mall ábhair in dhá cheann de theangacha oifigiúla na

---

<sup>11</sup> Tá a lán creataí um meastóireacht ar cháilíocht ann le leas a bhaint astu, ach d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ina threoir úsáideach, go háirithe Roinn C ina bpléitear “Faisnéis don Phobal”:

[https://ec.europa.eu/translation/maltese/guidelines/documents/dgt\\_translation\\_quality\\_guidelines\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/translation/maltese/guidelines/documents/dgt_translation_quality_guidelines_en.pdf)

hÉireann (Gaeilge agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann), ceisteanna maidir le hinrochtaineacht an ábhair, agus riachtanais níos mó le rannpháirtíocht an phobail agus cumarsáid dhá bhealach ar fud gnéithe nach bhfuil teoranta don tsláinte.

Léirimid go bhfuil ról tábhachtach ag eagla, muinín agus feasacht suímh sa chumarsáid le pobail CALD i ngéarchéim agus go bhfuil an cás cumarsáide an-chasta agus go bhféadfadh tionchar a bheith ag cineál domhanda na géarchéime, leibhéil litearthachta, an bealach ar a bhfuil fáil ag na pobail sin ar fhaisnéis, etc. air. Is cosúil go bhfuil sé inmholta caidreamh comhráiteach a bhunú agus a chothú i gcomhthéacs ullmhacht do ghéarchéimeanna amach anseo.

Ag deireadh an fhoilseacháin, tá paidéim dhomhanda Covid-19 fós ar siúl. Tá dearfach éigin inbhraite le fógraí maidir le trialacha vacsaínithe rathúla agus cur i bhfeidhm an vacsaínithe sin. Tá dúshlán ann fós maidir le cumarsáid ilteangach éifeachtach agus táimid ag súil go gcuideoidh torthaí an taighde seo le bonn eolais a chur faoi fheachtais ilteangacha i ndáil le cur i bhfeidhm agus glacadh vacsaíní i measc an phobail ina éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch go léir.

## Liosta Tagairtí

*Bizcommunity*. 2020. 'Entrepreneurs tackle Covid-19 language challenges and job creation' 2020, *Bizcommunity*, 21 Deireadh Fómhair [<https://www.bizcommunity.com/Article/196/841/209560.html>] (Arna rochtain ar an 2 Samhain 2020)

Caralli, Richard, Mark Knight agus Austin Montgomery. 2012. 'Samhlacha aibíochta 101: Priméar chun samhlacha aibíochta a chur i bhfeidhm ar shlándáil, athléimneacht, agus idir-inoibritheacht na heangaí cliste.

[[https://resources.sei.cmu.edu/asset\\_files/WhitePaper/2012\\_019\\_001\\_58920.pdf/content/uploads/2017/03/Revised-Guide-No-2-Preparing-Major-Emergency-Plan- March-10\\_DHPCLG-1.pdf](https://resources.sei.cmu.edu/asset_files/WhitePaper/2012_019_001_58920.pdf/content/uploads/2017/03/Revised-Guide-No-2-Preparing-Major-Emergency-Plan- March-10_DHPCLG-1.pdf)] (Arna rochtain ar an 5 Samhain 2020)

Cookson, Clive agus Richard Milne. 2020. 'Nations look into why coronavirus hits ethnic minorities so hard', *Financial Times*, 29 Aibreán [<https://www.ft.com/content/5fd6ab18-be4a-48de-b887-8478a391dd72>] (Arna rochtain ar an 2 Samhain 2020)

Coimisinéir Theangacha Oifigiúla Cheanada. 2020. *Samhail Aibíochta na dTeanga Oifigiúla* [<https://www.clo-ocol.gc.ca/en/ol-maturity-model>] (Arna rochtain ar an 11 Nollaig 2020)

Cradden, John. 2020. 'Coronavirus highlights continuing marginalization of deaf community', *The Irish Times*, 9 Aibreán [<https://www.irishtimes.com/life-and-style/health-family/coronavirus-highlights-continuing-marginalisation-of-deaf-community-1.4213870>] (Arna rochtain an 27 Samhain 2020)

Dalzell, Stephanie. 2020, 'Government coronavirus messages left 'nonsensical' after being translated into other languages', *ABC*, 12 Lúnasa [<https://www.abc.net.au/news/2020-08-13/coronavirus-messages-translated-to-nonsense-in-other-languages/12550520>] (Arna rochtain ar an 2 Samhain 2020)

Irish Government 2008, *A Framework for Major Emergency Management* [<http://mem.ie/wp-content/uploads/2015/05/A-Framework-For-Major-Emergency-Management.pdf>] (Arna rochtain an 5 Samhain 2020)

Rialtas na hÉireann 2010, *Creat le haghaidh Bainistíocht Móréigeandála – Doiciméad Treorach 2: A Guide to Preparing a Major Emergency Plan* [[http://mem.ie/wp-content/uploads/2017/03/Revised-Guide-No-2-Preparing-Major-Emergency-Plan- March-10\\_DHPCLG-1.pdf](http://mem.ie/wp-content/uploads/2017/03/Revised-Guide-No-2-Preparing-Major-Emergency-Plan- March-10_DHPCLG-1.pdf)] (Arna rochtain ar an 5 Samhain 2020)

Rialtas na hÉireann 2015, *Creat le haghaidh Bainistíocht Móréigeandála – Doiciméad Treorach 6: Treoir maidir le hIonaid Aslonnaithe agus Sosa a Bhainistiú. Leagan 2* [[http://mem.ie/wp-content/uploads/2016/01/A\\_Guide\\_to\\_Evacuation\\_20151.pdf](http://mem.ie/wp-content/uploads/2016/01/A_Guide_to_Evacuation_20151.pdf)] (Arna rochtain ar an 5 Samhain 2020)

Rialtas na hÉireann 2019, *Measúnú Riosca Náisiúnta: Léargas ar Rioscaí Straitéiseacha* [<https://assets.gov.ie/24144/fff14682a27943fbbdce8922124b5e05.pdf>] (Arna rochtain ar an 5 Samhain 2020)

Jeffers, James. 2011. 'Tuile chathair Chorcaí i mí na Samhna 2009: Ceachtanna maidir le bainistíocht riosca tuile agus oiriúnú don athrú aeráide ar scála uirbeach'. *Irish Geography*, 44(1): 61–80.

Katuu, Shadrack Ayub. 2019. *Diverse Applications and Transferability of Maturity Models*. Hershey, Pennsylvania: IGI Domhanda.

McGinnity, Frances, Ivan Privalko, Éamonn Fahey, Shannen Enright, Doireann O'Brien. 2020. *Origin and Integration: A Study of Migrants in the 2016 Irish Census*, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Rialtas na hÉireann).

Milliman, Ronald E., agus Douglas L. Fugate. 1988. 'Using Trust-Transference as a Persuasion Technique: An Empirical Field Investigation'. *The Journal of Personal Selling and Sales Management*, 8(2): 1-7

Mohamed, Sherif agus Xiaobo Qu. 2018. 'Organisational maturity for disaster preparedness'. Tuarascáil an Sustainable Built Environment National Research Centre (SBEnc). [<https://sbenrc.com.au/app/uploads/2018/02/SBEnc-1.35-Academic-Report-Organisational-Maturity-for-Disaster-Preparedness.pdf>] (Arna rochtain ar an 11 Nollaig 2020)

Murray, Sean. 2020. 'Face masks and social distancing mean it's harder for deaf community to communicate during COVID-19 crisis', *TheJournal.ie*, 6 Bealtaine [<https://www.thejournal.ie/deaf-hard-of-hearing-coronavirus-5091574-May2020/>] (Arna rochtain ar an 27 Samhain 2020)

O'Brien, Sharon, Federico Federici, Patrick Cadwell, Jay Marlowe, Brian Gerber. 2018. 'Language translation during disaster: A comparative analysis of five national approaches'. *International Journal of Disaster Risk Reduction*, 31: 627-636

Renaldi, Erwin agus Jason Fang. 2020. 'Victoria's coronavirus information mistranslated and outdated for migrant communities', *ABC*, 27 Deireadh Fómhair [<https://www.abc.net.au/news/2020-10-27/victoria-migrants-concerned-covid-19-information/12815164>] (Arna rochtain ar an 2 Samhain 2020)

Siddique, Haroon. 2020. 'UK ministers accused over impact of Covid on minorities and disabled people', *The Guardian*, 19 Deireadh Fómhair  
[<https://www.theguardian.com/world/2020/oct/19/uk-ministers-accused-over-impact-of-covid-on-minorities-and-disabled-people>] (Arna rochtain an 2 Samhain 2020)

Stewart, Katherine J. 2003. 'Trust Transfer on the World Wide Web'. *Organization Science*. 14 (1): 5-17

Strub, Peter J., agus T. B. Priest. 1976. 'Second Runner-Up 1976 NCSA Graduate Competition: Two Patterns of Establishing Trust: The Marijuana User'. *Sociological Focus*, 9(4): 399-411.

Taylor, Josh. 2020. 'How a trust breakdown left Melbourne's minority communities hardest hit by Covid second wave', *The Guardian*, 29 Lúnasa [<https://www.theguardian.com/australia-news/2020/aug/30/how-a-breakdown-of-trust-left-melbournes-ethnic-communities-hardest-hit-by-covid-second-wave>] (Arna rochtain ar an 2 Samhain 2020)

Todo Disca. 2020. 'Prevención Covid-19: la importancia de la comunicación en diferentes idiomas' [Preventing Covid-19: The Importance of Multilingual Communication] 2020, *Todo Disca*, 5 Lúnasa, [<https://www.tododisca.com/prevencion-de-la-covid-19-comunicacion-roquetas/>] (Arna rochtain ar an 2 Samhain 2020)

Voa News. 2020. 'Fear, Language Barriers Hinder Immigrant Contact-Tracing' 2020, 19 Lúnasa [<https://www.voanews.com/covid-19-pandemic/fear-language-barriers-hinder-immigrant-contact-tracing>] (Arna rochtain ar an 2 Samhain 2020)

Wilkie, Sarah agus Joseph R. Betancourt. 2020. 'Promoting equity and community health in the Covid-19 pandemic', *Harvard Health Blog*, postáil blag  
[<https://www.health.harvard.edu/blog/promoting-equity-and-community-health-in-the-covid-19-pandemic-2020102221207>] (Arna rochtain ar an 2 Samhain 2020)

# Aguisíní

Aguisín 1: Póstaer EDS maidir le ní lámh

## Protect yourself and others from getting sick **Wash your hands**



- after coughing or sneezing
- when caring for the sick
- before, during and after you prepare food
- before eating
- after toilet use
- when hands are visibly dirty
- after handling animals or animal waste

# Protect yourself and others from getting sick

## Wash your hands



- after coughing or sneezing
- when caring for the sick
- before and after you prepare food
- before eating
- after toilet use
- when hands are visibly dirty
- after touching cuts, blisters or any open sores
- you can use alcohol hand rub, if hands are not visibly dirty




[www.hse.ie/handhygiene](http://www.hse.ie/handhygiene)




# HOW TO WEAR A NON-MEDICAL FABRIC MASK SAFELY

[who.int/epi-win](https://who.int/epi-win)

## Do's →



Clean your hands before touching the mask



Inspect the mask for damage or if dirty



Adjust the mask to your face without leaving gaps on the sides



Cover your mouth, nose, and chin



Avoid touching the mask




Clean your hands before removing the mask



Remove the mask by the straps behind the ears or head



Pull the mask away from your face



Store the mask in a clean plastic, resealable bag if it is not dirty or wet and you plan to re-use it



Remove the mask by the straps when taking it out of the bag



Wash the mask in soap or detergent, preferably with hot water, at least once a day



Clean your hands after removing the mask

## Don'ts →



Do not use a mask that looks damaged



Do not wear a loose mask



Do not wear the mask under the nose



Do not remove the mask where there are people within 1 metre



Do not use a mask that is difficult to breathe through



Do not wear a dirty or wet mask



Do not share your mask with others

**A fabric mask can protect others around you. To protect yourself and prevent the spread of COVID-19, remember to keep at least 1 metre distance from others, clean your hands frequently and thoroughly, and avoid touching your face and mask.**



Coronavirus **COVID-19**



Coronavirus  
**COVID-19**  
Public Health  
Advice

**Face coverings  
must be worn  
here. Stay safe.  
Protect each other.**



**Wearing a face covering helps prevent  
the spread of COVID-19**

- > It should fit snugly and cover your nose/chin
- > Avoid touching it while wearing
- > Continue to wash your hands and social distance
- > Not suitable for under 13s or those who have difficulty wearing them

**#holdfirm**

Ireland's public health advice is guided by WHO and ECDC advice



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland